


# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Iúil 2022-Nollaig 2023

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority




Dara Calleary TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialáil Cuideachtaí, agus Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag Comhdháil Tionscnaimh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2023.

Robert Troy TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialáil Cuideachtaí, Leo Varadkar TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Helen McEntee TD, an tAire Dlí agus Cirt, agus Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag ócáid seolta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2022.

Simon Coveney TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus Ian Drennan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag oifig an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2023.

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | **5** |
| **Ar sracfhéachaint** | | **10** |
| **Réamhrá** | | **12** |
| **Colún 1** | **Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú** | **18** |
| **Colún 2** | **Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach** | **24** |
| **Colún 3** | **Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú** | **30** |
| **Ráitis airgeadais agus tuairisciú rialachais** | | **68** |



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

'Chaitheamar an chéad 18 mí a bhí an eagraíocht i mbun oibre ag cur straitéis chun feidhme ina gcuimsítear trí chroícholún.'

Ar dháta a bunaithe i mí Iúil 2022, luaigh mé an méid seo a leanas i nóta fáilte ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta nua:

*'Seasann bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don chéad chéim eile in éabhlóid fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí sa dlínse seo.*

*Tá athrú as cuimse tagtha ar chomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí, agus ar an dóigh a bhforfheidhmítear é, ó dheireadh na 1990í, tráth a cuireadh an tuairim seo a leanas in iúl i dTuarascáil McDowell: "Iad sin a bhfuil cathú orthu sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar dhlí na gcuideachtaí, is beag údar imní atá acu go mbraithfear nó go n-ionchúiseofar iad. A mhéid a bhaineann le forfheidhmiú, ní chloistear coiscéimeanna an fhorfheidhmitheora ar an stádar in am ar bith."*

*Anois, déantar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha a shrianadh agus a dhícháiliú go rialta mar thoradh ar a n-iompraíocht, déantar bearta forfheidhmiúcháin shibhialta agus ionchúisimh choiriúla go tráthrialta, agus, mar thoradh ar na rioscaí airgeadais agus clú a bhaineann lena bheith ina n-ábhar do ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin, bíonn comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla ina mhír thosaíochta ar chláir oibre gach Boird fhreagraigh.'*

Mar eagraíocht nua, shocraíomar fís shoiléir ón tús go dtiocfaimis chun bheith mar a leanas:

*'Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.'*

Agus muid ag saothrú na físe sin, chaitheamar an chéad 18 mí a bhí an eagraíocht i mbun oibre ag cur straitéis chun feidhme ina gcuimsítear trí chroícholún, eadhon

- struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú,
- tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach, agus
- córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú.

Is í an tuarascáil bhliantúil uainn, arb í seo an chéad cheann díobh riamh uainn, ár bpríomhuirlis cuntasachta. Mar sin de, tugtar breac-chuntas sách mionsonraithe sa tuarascáil seo dár ngeallsealbhóirí ar an obair a rinneamar sa chéad 18 mí ar an sainordú a thug an tOireachtas dúinn a chomhlíonadh, ar an straitéis uainn a chur chun feidhme, agus ar ár bhfís le haghaidh na heagraíochta a shaothrú.

## Breisiú na hinniúlachta

Le linn na chéad 18 mí a bhíomar i mbun oibre, tháinig na buntáistí a bhaineann le sinn a bheith inár ngníomhaireacht neamhspleách chun solais, go háirithe an tsolúbthacht a ghabhann leis an stádas sin. Fuaireamar ár gceadúnas earcaíochta féin, rud a fhágann gur féidir linn ár bhfeachtais earcaíochta féin a reáchtáil, agus na comórtais sin saincheaptha dár riachtanais mar shainghníomhaireacht.

> 'Le linn na chéad 18 mí a bhíomar i mbun oibre, tháinig na buntáistí a bhaineann le sinn a bheith inár ngníomhaireacht neamhspleách chun solais, go háirithe an tsolúbthacht a ghabhann leis an stádas sin. Fuaireamar ár gceadúnas earcaíochta féin, rud a fhágann gur féidir linn ár bhfeachtais earcaíochta féin a reáchtáil, agus na comórtais sin saincheaptha dár riachtanais mar shainghníomhaireacht.
>
> De bhreis ar leibhéal suntasach earcaíochta ón margadh oscailte, tá téarmaí ár Meabhráin Tuisceana leis an nGarda Síochána de chineál a fhágann go mbíonn ionchur fiúntach againn i roghnú na ngardaí a thugtar ar iasacht don eagraíocht – ar gardaí iad a thagann chun bheith ina n-oifigigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar a dtabhairt ar iasacht freisin.'

De bhreis ar leibhéal suntasach earcaíochta ón margadh oscailte, tá téarmaí ár Meabhráin Tuisceana leis an nGarda Síochána de chineál a fhágann go mbíonn ionchur fiúntach againn i roghnú na ngardaí a thugtar ar iasacht don eagraíocht – ar gardaí iad a thagann chun bheith ina n-oifigigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar a dtabhairt ar iasacht freisin. Is é an toradh atá air sin ná oifigigh atá níos saincheaptha ó thaobh taithí agus scileanna de, rud atá le leas na ndaoine aonair lena mbaineann, le leas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus le leas an Gharda Síochána.

Obair chasta theicniúil is ea obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar shainghníomhaireacht forfheidhmiúcháin agus, chun an fíoras sin a léiriú, cuirimid acmhainní as cuimse i leataobh le haghaidh forbairt foirne i riocht oideachais agus oiliúna.

Maidir leis an taithí a ghnóthaíonn oifigigh an Údaráis, tá sí an-tábhachtach maidir lena bhforbairt ghairmiúil agus lena n-ionchais ghairme sa todhchaí. Tá dóchas againn go méadóidh sé sin de réir a chéile an méid a thagann an tÚdarás chun bheith ina roghfhostóir do bhaill foirne atá oilte agus ag a bhfuil taithí. An méid sin ráite, tá ár leibhéil aistrithe foirne íseal, rud a thugann le fios go measann ár bhfoireann gur timpeallacht dhúshlánach fhiúntach le hobair inti é an tÚdarás.

## Tionchar

Cé gur de chineál ardiomrá atá roinnt den obair a dhéanaimid, tá ár dtionchar ar an bpobal i bhfad níos leithne fós. Mar a léirítear sna cás-staidéir sa tuarascáil seo, téann ár gcuid oibre, a dtarlaíonn an-chuid di sa chúlra, chun tairbhe do na daoine uile a bhfuil leas acu in oibriú éifeachtach dhlí na gcuideachtaí.

Féachaimid lenár ngeallsealbhóirí a chumhachtú trí fhaisnéis agus treoir atá cruinn, neamhchlaonta agus inrochtana a sholáthar maidir le hoibleagáidí agus le cearta agus trínár ngníomhaíochtaí for-rochtana. Ar na samplaí den fhaisnéis agus treoir sin tá na Nótaí Faisnéise a d'eisíomar thar an tréimhse, inar pléadh topaicí amhail na rioscaí a bhaineann le glacadh le stiúrthóireachtaí cuideachta in imthosca áirithe.

Tríd an gcur chuige céimnithe comhréireach a ghlacaimid i leith léirithe ar neamhchomhlíonadh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, féachaimid sa chúlra lena chinntiú go gcloítear le dualgais agus go gcosnaítear cearta, gan gá a bheith ann le dul i muinín ár gcumhachtaí reachtúla. Ar na samplaí chuige sin tá:

- Cás-Staidéar 2, áit ar chinntigh ár n-idirghabháil gur cosnaíodh cearta chomhaltaí na cuideachta chun freastal ar chruinniú ginearálta bliantúil agus gur cloíodh le hoibleagáidí comhdúcháin na cuideachta,

- Cás-Staidéar 4, áit arbh é an toradh a bhí ar ár n-idirghabháil gur réitíodh neamhchomhlíonadh na bhforálacha lena rialaítear iasachtaí stiúrthóirí, rud a chosain leasanna na cuideachta, leasanna a creidiúnaithe agus leasanna a comhaltaí, agus
- Cás-Staidéar 7, áit ar chinntigh ár n-idirghabháil gur comhlíonadh na téarmaí de chuid phlean tarrthála SCARP.

Ar aon dul leis an gcur chuige céimnithe a ghlacaimid, is í an chéad chéim eile ná cumhachtaí reachtúla a úsáid chun comhlíonadh an dlí a chinntiú. Ar na samplaí chuige sin tá:

- Cás-Staidéar 8, áit arbh amhlaidh, mar fhreagairt do ghearán a fuarthas, a shaothraíomar gníomhaíocht lenar bhain éilimh reachtúla a eisiúint agus a bhí mar chúis sa deireadh le cearta an ghearánaigh a bheith á gcosaint, agus
- Cás-Staidéar 9, áit ar chinntíomar, trí imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh, gur chomhlíon leachtaitheoir oibleagáidí reachtúla maidir le doiciméid a chomhdú linn.

Tá forfheidhmiú coiriúil ag an taobh uachtarach den speictream ó thaobh tromchúise de. Sa chomhthéacs sin, rinneamar breis agus 100 ordú cúirte a fháil agus a fhorghníomhú le linn na tréimhse chun a chur faoi deara go dtabharfaí doiciméid ar aird, d'fhorghníomhaíomar cúig bharántas cuardaigh, thógamar breis agus 200 ráiteas ó fhinnéithe, agus ghabhamar 12 dhuine.

'Cé gur de chineál ardiomrá atá roinnt den obair a dhéanaimid, tá ár dtionchar ar an bpobal i bhfad níos leithne fós. Mar a léirítear sna cás-staidéir sa tuarascáil seo, téann ár gcuid oibre, a dtarlaíonn an-chuid di sa chúlra, chun tairbhe do na daoine uile a bhfuil leas acu in oibriú éifeachtach dhlí na gcuideachtaí.'

De bhreis ar ár ndlíthíocht dhea-phoiblithe le hiar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chumann Sacair na hÉireann (Cás-Staidéar 13), ghabhamar do dhlíthíocht shibhialta eile a bhaineann le himscrúduithe coiriúla amhail an t-imscrúdú coiriúil sin atá leagtha amach i gCás-Staidéar 14, áit a bhfuaireamar orduithe cúirte lenar srianadh cuntais bhainc ina raibh na céadta míle Euro chun nach bhféadfaí na cistí sin a ghlanadh i gcúrsa ár n-imscrúdaithe.

Ag teacht sna sála ar ár n-imscrúduithe, ciontaíodh beirt daoine aonair i gcionta coiriúla ar díotáil. Ina measc sin bhí Patricia Kelly Uas., iar-Stiúrthóir agus iar-Rúnaí ar Console. De bhreis air sin, d'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le linn na tréimhse faoi athbhreithniú go n-athbhreithneodh an Chúirt Achomhairc an phianbhreith a d'fhorchuir an chúirt trialach ar an Uas. Pearse O'Connor.

Ar aon dul le cineál na bpróiseas imscrúdúcháin agus ionchúisimh, a bhíonn fadálach in amanna, tháinig na torthaí seo a leanas sna míonna tosaigh den bhliain 2024 as ár ngníomhaíocht imscrúdúcháin thar an tréimhse faoi athbhreithniú agus roimh an tréimhse sin:

- cúisíodh an Dr Andrew Jordan agus an tUas. Christopher Goodey, an t-iarChathaoirleach agus an t-iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi seach ar an gCumann Náisiúnta Lia-Chleachtóirí Ginearálta, i dtrádáil chalaoiseach agus i mainneachtain taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, agus
- forchuireadh pianbhreith príosúnachta seacht mbliana ar an Uas. Ebenezer Oduntan tar éis é a chiontú i 87 scor de chionta gadaíochta, meabhlaireachta agus dlí cuideachtaí.

I gcomhthráth lenár n-obair imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin dá dtagraítear thuas, déanaimid maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta

corparáidí. Maidir leis an obair sin, a thagann as na hoibleagáidí reachtúla atá ar leachtaitheoirí tuairisciú dúinn, agus atá ar an mbonn lenár gcóras gealltanas dá réir, ba é an toradh a bhí uirthi ná gur srianadh 80 stiúrthóir cuideachta san iomlán agus gur dícháilíodh 17 stiúrthóir cuideachta eile. Is bearta tábhachtacha iad srian agus dícháiliú, agus iad ceaptha chun an pobal a chosaint ar dhaoine a dtaispeántar ina dteist gur contúirt iad do chreidiúnaithe agus do dhaoine eile. Feidhm eile atá leo is ea rialachas corparáideach a fheabhsú go ginearálta agus iompraíocht chosúil den sórt sin ar thaobh daoine eile a dhíspreagadh sa todhchaí.

De bhreis ar an ngné sin dár n-obair dhócmhainneachta atá bunaithe ar anailís ar thuarascálacha leachtaitheoirí, feidhmímid sruth leithleach forfheidhmiúcháin atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar an iompraíocht mhífhreagrach arb é atá i gceist léi ceadú a dhéanamh ar chuideachtaí a bhaint den chlár as mainneachtain na tuairisceáin riachtanacha a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ba é an toradh a bhí ar an obair sin ná gur dícháilíodh deichniúr stiúrthóirí eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur líon é sin atá íseal go saorga agus a tháinig as clár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí um chuideachtaí a bhaint den chlár a bheith á chur ar sos de bharr phaindéim Covid-19.

‘Ceann dár gcroíchuspóirí straitéiseacha don chéad trí bliana atáimid i mbun oibre is ea láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar fhoinse iontaofa faisnéise neamhchlaonta agus mar ghníomhaí agus tionchaire inchreidte ar an tírdhreach forfheidhmiúcháin. Cé go ndearnadh an-chuid oibre sa dá réimse sin thar an gcéad 18 mí, tá bród ar leith orm as cé chomh mór agus a d’éirigh le céad chomhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.’

Sna cás-staidéir atá leagtha amach istigh anseo, tugtar léargas ar na nithe seo a leanas freisin:

- an cineál iompraíochta stiúrthóirí as a n-eascróidh tréimhsí fada dícháiliúcháin, agus
- ár gcuid oibre sa réimse um chur in aghaidh iarratais ar fhaoiseamh ó shrian agus ina chinntiú go dtugtar dearbhuithe substaintiúla don Ard-Chúirt sula ndeonaítear faoiseamh ó dhícháiliú.

## Láithreacht

Ceann dár gcroíchuspóirí straitéiseacha don chéad trí bliana atáimid i mbun oibre is ea láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar fhoinse iontaofa faisnéise neamhchlaonta agus mar ghníomhaí agus tionchaire inchreidte ar an tírdhreach forfheidhmiúcháin.

Cé go ndearnadh an-chuid oibre sa dá réimse sin thar an gcéad 18 mí, tá bród ar leith orm as cé chomh mór agus a d’éirigh le céad chomhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach – a bhuí le hiarrachtaí mo chomhghleacaithe, idir iad sin a thug a gcuid ama go flaithiúil chun labhairt agus iad sin a bhí cineálta go leor chun am a thógáil as a lá gnóthach chun freastal uirthi. Bhí an t-ádh orainn go rabhamar in ann painéal iontach cainteoirí a mhealladh. Ina measc sin bhí an tAire Calleary agus Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne. Mar thoradh ar an aiseolas dearfach a fuarthas ón lucht freastail ar fad, tá sé de rún againn ócáid bhliantúil a dhéanamh den chomhdháil, agus tá an-dul chun cinn déanta ar an bpleanáil le haghaidh ócáid na bliana 2024.

## Forbairtí atá le teacht

Mar atá mionsonraithe i Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Rialachas Corparáideach, Forfheidhmiú agus Forálacha Rialála), 2024, rud a foilsíodh le déanaí, tá an Rialtas ag lorg ceadú ón Oireachtas le haghaidh leasuithe ar Acht na gCuideachtaí, 2014. I measc na mbeart atá á gcur ar aghaidh tá cumhachtaí imscrúdúcháin nua a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i réimse an bhailithe faisnéise agus fianaise, lena n-áirítear cumhachtaí faireachais nua. Beartaítear leis an Scéim Ghinearálta freisin

‘Tá fáilte ar leith roimh na tograí chun dhá chion choiriúla nua a dhéanamh, ar cionta iad a bhaineann le hidirghníomhaíocht le hoifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.’

comhroinnt faisnéise ar fud gníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus rialála a bhreisiú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas cúirte le haghaidh déileáil leis an bhfáil ar imscrúdaitheoirí ábhair fhianaisigh a bhfuil éilimh pribhléide gairmiúla dlí á ndearbhú air. Má achtaítear iad mar atá beartaithe, is é an toradh a bheidh ar na bearta sin ná go mbreiseofar tuilleadh acmhainn an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun sáruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí a imscrúdú. Ar leithligh uaidh sin, soiléirítear sna tograí go gcumhdaítear sna hoibleagáidí ar leachtaitheoirí cosaint a dhéanamh ar aon achomhairc in aghaidh orduithe sriantachta arna bhforchur ag an Ard-Chúirt mar thoradh ar iompraíocht stiúrthóirí cuideachta le linn dóibh cúrsaí cuideachtaí dócmhainneacha a bhainistiú. Is beart tábhachtach cosanta poiblí é sin maidir lena chinntiú go mbíonn stiúrthóirí cuntasach as a maoirseacht ar chuideachtaí.

Tá fáilte ar leith roimh na tograí chun dhá chion choiriúla nua a dhéanamh, ar cionta iad a bhaineann le hidirghníomhaíocht le hoifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is é atá i gceist leis an gcéad togra ná cion a dhéanamh d’oifigeach de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhacadh nó a chosc, agus ba é an toradh a bheadh ar an dara togra ná gurbh amhlaidh, maidir le haon duine a bhagraíonn ar oifigeach de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó ar dhaoine dá theaghlach nó dá teaghlach, nó a chaitheann go bagrach leis nó léi nó leo nó a imeaglaíonn é nó í nó iad, a bheadh sé nó sí ciontach i gcion coiriúil is inphionóis le téarma príosúnachta nach mó ná deich mbliana dá gciontófaí é nó í ar díotáil. Leis na tograí sin, seoltar comhartha an-soiléir amach nach gcuirfear suas le hoifigeach de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhacadh nó a chosc agus beidh téarma fada príosúnachta os comhair aon duine a dhéanann amhlaidh. Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag súil le caidreamh a dhéanamh leis an Aire Calleary agus lena oifigigh agus le parlaiminteoirí de réir mar a théann an Bille ar aghaidh tríd an Oireachtas.

## Focail scoir

Faoi mar a bheidh soiléir óna bhfuil sa tuarascáil seo, rinneadh méid ollmhór oibre thar an gcéad 18 mí a bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i mbun oibre. Is léiriú é sin ar thiomantas agus gairmiúlacht mo chomhghleacaithe. Gabhaim buíochas ó chroí leo as sin.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis na hAirí éagsúla a thug tacaíocht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus a thug a gcuid ama dó. Tá buíochas ina leith sin le gabháil go háirithe leis an Aire Calleary, leis an iar-Aire Troy, leis an iar-Aire Varadkar agus leis an iar-Aire Coveney. Ba mhaith liom freisin buíochas pearsanta a ghabháil leis an Dr Orlaigh Quinn, a d’éirigh as a ról mar Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le déanaí. Throid an Dr Quinn go láidir ar son an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus d’imir sí ról lárnach i mbunú an Údaráis. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom, thar mo cheann féin agus thar ceann mo chomhghleacaithe, aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a fhaighimid ónár gcomhghleacaithe sa Roinn agus buíochas a ghabháil leo as an tacaíocht sin.

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis




# Ar sracfhéachaint

## Inniúlacht Oibríochtúil a Fhorbairt

- Fuarthas ceadúnas earcaíochta
- Earcaíodh 24 bhall foirne shibhialtacha
- Ceannaíodh feithiclí

## Oiliúint

- An dlí
- Scileanna finné shaineolaigh
- Cuntasaíocht fhóiréinseach
- Frithsciúradh airgid
- Fóiréinsic dhigiteach

## Tathant

**9** An líon leabhrán faisnéise

**51** An líon Imeachtaí agus Taispeántas

**5** An líon Nótaí Faisnéise

## Gearáin/Tuarascálacha

**454** An líon Gearán a Fuarthas

**51** Líon Tuarascálacha SCARP

**22** An líon Nochtaí Cosanta

**13** An líon Tuarascálacha Scrúdaitheoirí

**239** An líon Tuarascálacha Ciona Indíotáilte

## Maoirseacht Dócmhainneachta Corparáidí

**San Iomlán:**

**1021** An líon Tuarascálacha Leachtaitheoirí

**80** An líon Stiúrthóirí a Srianadh

**27** An líon Stiúrthóirí a Dícháilíodh

## Imscrúdú

**107** An líon Orduithe Cúirte

**5** An líon Barántas Cuardaigh

**4.1 milliún** An líon comhad leictreonach a cuireadh ar fáil d'imscrúdaitheoirí

**213** An líon Ráiteas ó Fhinnéithe

**9** An líon Agallamh Deonach faoi Fholáireamh

**12** An líon daoine a gabhadh

## Ionchúiseamh

**12** An líon comhad a cuireadh isteach chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

**1** An líon Pianbhreitheanna a Athbhreithníodh

Ciontuithe a áirithíodh i ndáil leo seo:

- faisnéis bhréagach a sholáthar, agus
- mainneachtain leabhair chuntais chuí a choimeád

# Réamhrá



Le hachtú Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, rud lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014, tugadh an bonn reachtúil le bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. An 7 Iúil 2022, shínigh Leo Varadkar TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am, Ordú Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022, isteach sa dlí agus, trí dhéanamh amhlaidh, bhunaigh sé an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le héifeacht ón dáta sin.

De réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, cumhdaítear leis an Tuarascáil seo an tréimhse ón 7 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023.

# Misean

Is é seo ár misean, a bhfuil mar aidhm leis ár sainordú agus sainchúram reachtúil a chuimsiú:

**Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.**

# Fís

Is mar a leanas a bheidh an fhís a shocraíomar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus a tharraingíonn ar an mór-chomhthéacs ina n-oibrímid:

**Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.**

# Luachanna

**Gairmiúlacht**

**Ionracas**

**Neamhspleáchas**

## Ár straitéis

Ar dháta a bhunaithe, d'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Ráiteas Straitéise uaidh don tréimhse 2022-2025.

Le linn dúinn ár sainordú reachtúil a chomhlíonadh agus ár bhfís don eagraíocht a shaothrú, ghlacamar straitéis thríthaobhach don tréimhse 2022-2025. Cuimsítear an méid seo a leanas sa straitéis sin, atá ag teacht le cineál nuathionscanta na heagraíochta agus leis an sainchúram déach atá orainn comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh agus neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú:

**Colún 1**
Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú

**Colún 2**
Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach

**Colún 3**
Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú

## Rath a thomhas

Sa Ráiteas Straitéise 2022-2025 uainn, leagamar amach freisin roinnt de na dóigheanna ina ndéanfaimis éifeachtacht ár straitéise thar an tréimhse sin a thomhas. Ar na táscairí chuige sin bhí:

- struchtúir rialachais a bhunú agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur chun feidhme ina iomláine,
- cairt luachanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhorbairt,
- baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu a earcú, ar daoine iad a fhoinsítear, a mhéid is mó is indéanta, trí chomórtais oscailte, rud a thugann rochtain don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an mbuíon is leithne tallainne is féidir atá ar fáil,
- infheistíocht leanúnach spriocdhírithe a dhéanamh in oiliúint agus forbairt,
- láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar na meáin shóisialta, agus an líon leantóirí atá aige, a mhéadú,
- freagairtí a fhorbairt do shaincheisteanna a bhíonn ag athrú agus a bhíonn ag teacht chun cinn,
- an córas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú go héifeachtach,
- imscrúduithe a bhainistiú go héifeachtach,
- acmhainní forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a imscaradh ar bhealach cothromaithe, agus aird á tabhairt ar chuspóirí straitéiseacha, agus
- infheistiú sa teicneolaíocht, agus leas a bhaint aisti, i ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin.

Chun léargas a thabhairt ar an obair a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar an tionchar atá ag ár ngníomhaíochtaí ar gheallsealbhóirí aonair agus ar an mórphobal, tá roinnt cás-staidéar le fáil sa tuarascáil seo. I gcás gur gá, ar chúiseanna rúndachta, rinneadh cás-staidéir a anaithnidiú. I gcásanna ina bhfuil na nithe iomchuí san fhearann poiblí, soláthraítear ainm na ndaoine agus na gcuideachtaí lena mbaineann.

# Fhoireann ardbhainistíochta

Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de na hoifigigh sin atá ar leibhéal Stiúrthóra. I láthair na huaire, tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta díobh seo:

- Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, agus
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.

# Fhoireann shinsearach ceannaireachta



**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is é Ian Drennan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Comhalta ceaptha aonair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá taithí fhairsing aige ar réimsí an imscrúdaithe, na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil agus ar eintitis a bhfuil sainordú le leas an phobail acu a threorú, ós rud é go raibh sé i seilbh post roimhe seo mar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Is comhalta é den Chomhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú, den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid agus de Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí. Chomh maith leis sin, is comhalta é de Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an rialálaí reachtúil ar dhochtúirí leighis in Éirinn, áit a bhfuil sé ar an gCathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ina chomhalta den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Mar chuntasóir de réir gairme, tá cáilíochtaí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBÁC agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí.



**Fallon Judge**
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta

Is í Fallon Judge an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta. Roimhe sin, bhí Fallon ina Cuntasóir Fóiréinseach Sinsearach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, le linn di a bheith ag obair sa ról sin, ghnóthaigh sí taithí fhairsing ar an imscrúdú sibhialta agus ar an imscrúdú coiriúil araon. Roimhe sin, d'oibrigh Fallon i ngnólacht cuntasaíochta idirnáisiúnta, áit a ndearna sí speisialtóireacht i réimsí na dócmhainneachta agus an ghnóthaithe chorparáidigh.
De bhreis ar Fallon a bheith ina Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, is comhalta d'Institiúid Cánach na hÉireann í freisin. Tá Dioplómaí Iarchéime ag Fallon freisin i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí), i gCuntasaíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i nDócmhainneacht (Cuntasóirí Cairte Éireann). Chomh maith leis sin, tá céim B.Sc. in Ailtireacht (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) aici.



**Cathy Shivnan**
An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta

Is í Cathy Shivnan an Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta. Cháiligh Cathy mar aturnae sa bhliain 2011 agus tá Céim Baitsiléara i nDlí Sibhialta aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá Dioplóma Iarchéime i nDócmhainneacht agus Athstruchtúrú Corparáideach aici ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus tá Ard-Dioplóma i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí) aici. Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'oibrigh Cathy leis an tSeirbhís Chúirteanna agus i róil éagsúla in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Áiríodh leis na róil sin ról mar aturnae i bhfoireann Tráchtála agus Dlíthíochta Rannóg Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim agus ról mar Cheann um Aonad Dócmhainneachta na gCoimisinéirí Ioncaim i mBaile Átha Cliath, áit ar bhainistigh sí gach gné de rannpháirtíocht na gCoimisinéirí Ioncaim i leachtuithe, i nglacadóireachtaí agus i scrúdaitheoireachtaí.



**Rebecca Coen**
An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil

Is í Rebecca Coen an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil. Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, bhí sí ar an Stiúrthóir Taighde ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, ar comhlacht reachtúil é a bhfuil sé mar mhisean aige dlí na hÉireann a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach. Ón mbliain 2008 go dtí an bhliain 2020, bhí sí ina hionchúisitheoir sinsearach ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is abhcóide í agus tá cáilíochtaí iarchéime aici ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBÁC. Tá sí mar údar le leabhar ar chumhachtaí an Gharda Síochána (Garda Powers: Law and Practice, Clarus Press, 2014) agus tá sí mar chomhúdar le leabhar ar an dlíthíocht choiriúil (Criminal Litigation, 4th ed., Oxford University Press, 2016).



**David McGill**
An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht

Is é David McGill an Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht. Tá sé ag obair i bhforfheidhmiú an dlí ó bhí an bhliain 2008 ann. Ba é a phost ba dhéanaí ná an post mar Cheann um Fhóiréinsic Dhigiteach leis an eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í.
Tá taithí shuntasach aige ar imscrúdú na calaoise, ar an anailís airgeadais, ar an bhfóiréinsic dhigiteach, ar an bhfionnachtain leictreonach, ar an éirim foinse oscailte agus ar an anailísíocht sonraí, agus bhain sé deimhnithe éagsúla amach sna réimsí sin. Bronnadh céim B.Eng. i gCórais Leictreonacha ar David ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sula ndeachaigh sé ar aghaidh chun céim M.Sc. i Ríomhaireacht Fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireachta a bhaint amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC). Chomh maith leis sin, chuir sé céim B.Sc. i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíní i gcrích i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit COBÁC.



**David Hegarty**
An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas

Is é David Hegarty an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas. Is abhcóide é agus d'oibrigh sé roimhe seo mar Bhainisteoir Punainne Forfheidhmiúcháin san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í. Cháiligh sé mar aturnae sa bhliain 2002 agus d'aistrigh sé chuig an mBarra sa bhliain 2006, áit ar chleacht sé go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus na habhcóideachta. Roimhe sin, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte, áit ar chuir sé comhairle ar Choimisiún Thithe an Oireachtais, ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus ar Choistí Parlaiminte maidir le nithe a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, leis an dlí parlaiminte agus leis an dlí riaracháin. D'oibrigh sé freisin mar oifigeach dlí i Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX) agus sa Bhinse Speisialta don Liobáin sa Háig, áit ar oibrigh sé i Seomraí na mBreithiúna le breithiúna idirnáisiúnta a bhí ag éisteacht cásanna lenar bhain an choireacht eacnamaíoch, an t-éilliú, mí-úsáid oifigí poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun sceimhlitheoireacht a dhéanamh.



**Michael Dillon**
An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí

Is é Michael Dillon an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí. Rinne sé staidéar ar dhlí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), áit ar chuir sé Dochtúireacht i nDlí Coiriúil i gcrích freisin. Mar abhcóide in Éirinn, chleacht Michael go fairsing sa dlí coiriúil, sa dlí tráchtála, sa dlí riaracháin, san athbhreithniú breithiúnach agus sa dlí bunreachtúil. D'fhóin sé mar LeasArd-Aighne aonair do Chríoch Thar Lear Oileáin na dTurcach agus Caicos de chuid na Ríochta Aontaithe agus mar LeasArd-Rúnaí de facto do phunann Aireachta a Rannóg Tailte ar feadh breis agus ceithre bliana. Rinne sé ionadaíocht do Rialtas na Stát Aontaithe i gcásanna eiseachadta lenar bhain calaoiseoirí scéimeanna Ponzi, an gháinneáil ar dhaoine agus an smuigléireacht. Rud ba dhéanaí fós, bhí Michael i gceannas ar fhoireann dlíthíochta foirgníochta i bpríomhghnólacht dlí atá bunaithe in Dubai ina dhlínsí dlí choitinn. Scríobh Michael an príomh-théacsleabhar dlí choiriúil ar Dhlí na Meisce.



**Mary Daly**
An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC

Is í Mary Daly an Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC. Chuaigh Mary isteach san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í mar Chuntasóir Fóiréinseach, tar éis di cleachtadh roimhe sin i gcáil phríobháideach. Thar thréimhse a gairme, bhí raon leathan ról sinsearach airgeadais ag Mary in eagraíochtaí ilnáisiúnta atá liostaithe go poiblí, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon. I measc na bhfreagrachtaí a bhí uirthi bhí tuairisciú reachtúil, bainistíochta agus rialála a dhéanamh, córais airgeadais a chur chun feidhme agus a fheabhsú, agus roinnt tionscadal domhanda rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a bhainistiú.
Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í Mary agus tá Dioplómaí iarchéime aici i gCuntasaíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí).



**Sharon Sterritt**
An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta

Is í Sharon Sterritt an Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta. Bhí poist ag Sharon roimhe seo mar Bhainisteoir Punainne Forfheidhmiúcháin san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í agus i ngnólacht cuntasaíochta idirnáisiúnta, áit a ndearna sí speisialtóireacht i réimse na cuntasaíochta fóiréinsí agus na n-imscrúduithe. Le linn na tréimhse a bhí sí i mbun cleachtaidh, tugadh ar iasacht í don ról mar Bhainisteoir Líne Seirbhíse Domhanda um Sheirbhísí Fóiréinseacha agus Imscrúdaithe.
De bhreis ar í a bheith ina Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann, tá Dioplómaí Iarchéime ag Sharon i gCuntasaíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann), i mBainistíocht Riosca, Iniúchóireacht Inmheánach agus Comhlíonadh (Cuntasóirí Cairte Éireann), agus i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí).



**Sinéad O'Brien**
An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta (Gníomhach)

Ghníomhaigh Sinéad O'Brien mar Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta ar feadh cuid den tréimhse faoi athbhreithniú. Tá sí ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó Thithe an Oireachtais, áit arbh é an ról ba dhéanaí a bhí aici ná an ról mar Chomhairleoir Dlí Chorparáidigh an Oireachtais. Tá raon leathan taithí ag Sinéad, a ghnóthaigh sí agus í ag obair i róil éagsúla i dTithe an Oireachtais agus san earnáil phoiblí. Cháiligh Sinéad mar aturnae sa bhliain 2006 agus tá Céim Baitsiléara i nDlí Sibhialta (Staidéar Dlí Eorpaigh) aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
Fuair sí oiliúint mar aturnae le gnólacht dlí chorparáidigh a bhí bainteach le gnólacht idirnáisiúnta cuntasaíochta, agus d'oibrigh sí ina dhiaidh sin i bpríomhghnólacht aturnaetha tráchtála ina ndearna sí speisialtóireacht sa dlíthíocht tráchtála agus sa dlí fostaíochta.

# Colún 1

## Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreacht a bhunú



# Cuspóirí straitéiseacha

Ar aon dul le cineál nuathionscanta na heagraíochta, cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis:

1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú,
2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt, agus
3. Láithreacht a bhunú.

## 1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú

### Cuntasacht reachtúil

De réir Acht na gCuideachtaí, 2014, déanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- nuair is gá, fianaise a thabhairt don Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dháil Éireann i ndáil le rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a thaifeadtar in aon leabhar nó in aon taifead cuntais atá faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
- arna iarraidh sin do Choiste de chuid ceachtar Teach den Oireachtas, nó do Chomhchoiste, freastal os comhair an Choiste sin nó an Chomhchoiste sin agus cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- na cuntais go léir is cuí agus is gnách, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, ar an airgead ar fad a gheobhaidh agus a chaithfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus
- ráitis airgeadais reachtúla a ullmhú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Ráitis airgeadais reachtúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar aon le tuairim iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu sin, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

### An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód)

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir fhorálacha an Chóid. Ceanglaítear leis an gCód nach mór don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- struchtúir agus bearta rialachais áirithe a chur chun feidhme (mar shampla, i réimse an rialaithe inmheánaigh, i réimse na bainistíochta riosca agus i réimse na hiniúchóireachta inmheánaí), agus
- nochtaí áirithe a dhéanamh sna tuarascálacha bliantúla uaidh. Maidir leis na nochtaí sin a cheanglaítear faoin gCód, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

Tasc suntasach thar an tréimhse faoi athbhreithniú ba ea dearadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na struchtúir, na bearta agus na próisis ba ghá chun a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Faoin gCód, ceanglaítear ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú. Is í príomhfheidhm an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú neamhspleách a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi nithe a thagann faoi théarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, lena n-áirítear rialú inmheánach, bainistíocht riosca, agus tuairisciú airgeadais. De bhreis air sin, tuairiscíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

De bhun na gceanglas sin roimhe seo, bhunaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Coiste Iniúchóireachta agus Riosca atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí, a bhfuil triúr díobh neamhspleách ar an eagraíocht. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Dónall Curtin (Cathaoirleach),
- Daneve Harris,
- Paul Kerrigan, agus
- Sharon Sterritt, an Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

### Feidhm iniúchóireachta inmheánaí

Mar a cheanglaítear leis an gCód, chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm a soláthraíonn gnólacht neamhspleách seirbhísí gairmiúla í.

### Nochtaí rialachais

Maidir leis an tsraith iomlán nochtaí rialachais a cheanglaítear leis an gCód, mar aon le mionsonraí faoi na struchtúir, bearta agus próisis bhunúsacha, tá siad leagtha amach sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo.

### Cuntasacht don Aire agus dá Roinn

Ar bhonn bliantúil, téann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta isteach i gComhaontú Formhaoirseachta, Soláthar Feidhmíochta agus Seirbhíse. Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta, Soláthar Feidhmíochta agus Seirbhíse an leibhéal feidhmíochta a bhfuil an Roinn ag súil leis ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus na tacaí atá le soláthar ag an Roinn. De bhreis air sin, agus de réir mar is gá, comhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach oibleagáidí cuntasachta don Aire agus dá Roinn ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí fhaisnéis airgeadais agus eile a sholáthar ar bhonn rialta.

### Luachanna eagraíochta

Sular glacadh tacar sainráite luachanna a chuimseodh uaillmhianta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach chuige sin, cuireadh próiseas fairsing comhairliúcháin ar siúl leis an bhfoireann. Ba iad seo a leanas na trí luach a d'eascair as an bpróiseas sin mar na luachanna lena léirítear agus lena dtreoraítear ar an dóigh is fearr na hiompraíochtaí agus na cáilíochtaí is mian le baill foirne a thaispeáint agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus freagrachtaí:

- Gairmiúlacht,
- Ionracas, agus
- Neamhspleáchas.

Agus iad ag iarraidh na luachanna sin a leabú laistigh den eagraíocht:

- bítear ag súil leis go ndéanfaidh an fhoireann ardbhainistíochta na luachanna sin a phearsantú agus go mbeidh sí ina heiseamláir chuige sin, agus
- bítear ag súil leis go léireoidh na baill foirne uile na luachanna sin ina n-idirghníomhaíochtaí ar fad lena gcomhghleacaithe agus lenár ngeallsealbhóirí araon.



# 2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt

### Ceadúnas earcaíochta

Mar shainghníomhaireacht forfheidhmiúcháin dlí, is cuid bhunriachtanach d'oibriú éifeachtach na heagraíochta í an acmhainn chun baill foirne a bhfuil na cáilíochtaí, an taithí agus na scileanna is gá acu a earcú. Sa chomhthéacs sin, b'fhorbairt shuntasach le linn na tréimhse faoi athbhreithniú í ceadúnas earcaíochta a bheith á fháil ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is é ról an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí a chinntiú go ndéanann na heintitis sin atá ceadúnaithe aige chun earcú isteach sa tseirbhís phoiblí an earcaíocht sin de réir na gcaighdeán iompair is airde.

### Gníomhaíocht earcaíochta – baill foirne shibhialtacha

Ba é cuspóir na gníomhaíochta earcaíochta ná poist nuacheadaithe (e.g., i réimse an rialachais agus an airgeadais, mar aon le gairmithe dlí) agus poist fholmha araon a líonadh.

Reáchtáil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach feachtais earcaíochta le haghaidh na bpost sinsearach/ na sainphost seo a leanas faoina cheadúnas earcaíochta:

- Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- Bainisteoir Sinsearach um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- Comhairleoirí Dlí,
- Bainisteoir Airgeadais, agus
- Bainisteoir Cumarsáide Sinsearach.

De bhreis ar fheachtais earcaíochta a reáchtáil faoi cheadúnas, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i gcás go raibh sé oiriúnach dá riachtanais, leas a bhaint as painéil ar bhunaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iad.

### Gníomhaíocht earcaíochta – comhaltaí den Gharda Síochána

De bhun théarmaí an chéanna in Acht na gCuideachtaí, 2014, áirítear le líon foirne ceadaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach cohórt de chomhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht[1]. Faoin Meabhrán Tuisceana atá i bhfeidhm leis an nGarda Síochána, roghnaítear comhaltaí ar iasacht tí phróiseas agallaimh iomaíoch, agus na boird agallaimh comhdhéanta d'ionadaithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ón nGarda Síochána araon. Seoladh earcaíocht chun poist nuacheadaithe agus folúntais a tháinig chun cinn (e.g., mar thoradh ar ardú céime) araon a líonadh.

### Oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Is oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad gach duine de na baill foirne shibhialtacha agus de na baill foirne atá ar iasacht ón nGarda Síochána. De bhreis ar iad a bheith ina n-oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, coimeádann na comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht na cumhachtaí uile a dhílsítear dóibh mar Ghardaí faoi mhionn agus fanann siad faoi rialú ginearálta agus faoi stiúir ghinearálta Choimisinéir an Gharda Síochána.

### Líon foirne

Is leagtha amach sa tábla thíos atá líon foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amhail dáta an bhunaithe (i.e., an 7 Iúil 2022) agus an 31 Nollaig 2023.

**TÁBLA 1**

Líon Foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

| | Amhail an 7 Iúil 2022 | Amhail an 31 Nollaig 2023 |
|---|---|---|
| Baill Foirne Shibhialtacha | 36 | 55 |
| Comhaltaí den Gharda Síochána atá ar Iasacht | 10 | 15 |
| Iomlán | 46 | 70 |

1. Sé dhuine dhéag san iomlán, i.e., Bleachtaire-Chigire amháin, triúr Bleachtaire-Sháirsintí agus 12 Bhleachtaire Garda.

## Oiliúint agus forbairt

Is cuid bhunriachtanach d'oibriú éifeachtach na heagraíochta é cultúr foghlama agus forbartha leanúnaí agus, le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, d'infheistigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach acmhainní suntasacha ina fhoireann. Tá oiliúint agus forbairt i riocht ábhar a sheachadtar go hinmheánach agus i riocht ábhar a sholáthraítear go seachtrach araon.

Thar an tréimhse, sholáthair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach oiliúint agus forbairt dá fhoireann sna réimsí seo a leanas:

- an dlí
- scileanna finné shaineolaigh
- cuntasaíocht fhóiréinseach
- frithsciúradh airgid
- fóiréinsic dhigiteach
- oiliúint i sain-bhogearraí
- nochtaí cosanta
- bainistíocht
- acmhainní daonna
- seirbhís do chustaiméirí
- soláthar
- saoráil faisnéise
- cosaint sonraí
- sábháilteacht ar dhóiteán
- scileanna láithreoireachta

## Feithiclí

Chun neamhspleáchas oibriúcháin a bhreisiú, cheannaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach trí fheithicil oifigiúla le linn na tréimhse. Na feithiclí sin, a chomhlánaítear le feithiclí ón nGarda Síochána, úsáidtear iad go príomha chun dul chun cinn a dhéanamh ar imscrúduithe. De réir bheartas aeráide an Rialtais, is feithiclí leictreacha iad dhá cheann de na trí fheithicil a ceannaíodh.

## Comhar

Féachann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena acmhainn oibriúcháin a bhreisiú trí chomhar le gníomhaireachtaí eile rialála, forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh, lena n-áirítear an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Banc Ceannais na hÉireann, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus an Rialálaí Carthanas. Tarlaíonn comhar den sórt sin i bhfóraim amhail an Chomhairle Chomhairleach agus an Fóram Rialálaithe Sinsearacha (a luaitear ina dhiaidh seo istigh anseo) agus trína chaidreamh déthaobhach le gníomhaireachtaí iomchuí. I measc an chomhair chuige sin tá:

- faisnéis atá ábhartha dá sainchúram faoi seach, ar faisnéis í atá faoi rún ar shlí eile, a sholáthar trí thairseacha reachtúla,
- faisnéis agus eispéiris atá ábhartha don seoladh imscrúduithe a chomhroinnt, agus
- tionscnaimh chomhroinnte oiliúna agus forbartha.

Mar an gcéanna, déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh le comhlachtaí gairmiúla agus le comhlachtaí ionadaíocha amhail Cumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta.

Thug oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach léachtaí agus láithreoireachtaí dóibh seo a leanas, i measc grúpaí eile:

- mic léinn ar an Deimhniú iarchéime in Imscrúduithe Calaoise agus ríomh-Choireachta, atá creidiúnaithe ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC),
- comhdháil bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta,
- an Fóram Náisiúnta Imscrúduithe Coiriúla, agus
- comhdháil rannáin Rannán Fiontar Meánmhéide Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

**12,653**
**AN LÍON DAOINE NUA A D'ÚSÁID ÁR SUÍOMH GRÉASÁIN SA BHLIAIN 2023**

**ÁR LÍON LEANTÓIRÍ AR ARDÁIN MEÁN SÓISIALTA**
**A MHÉADÚ**

**22**
**AN LÍON FÓGRAÍ CHUN FEASACHT A MHÉADÚ**

**70**
**AN LÍON CEISTEANNA Ó NA MEÁIN**

## 3. Láithreacht a bhunú

### Féiniúlacht chorparáideach

Ar dháta an bhunaithe, sheol an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhéiniúlacht chorparáideach agus a bhrandáil ghaolmhar. Úsáidtear an bhrandáil sin ar shuíomh Gréasáin, meáin shóisialta agus ábhair chur chun cinn an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

### Suíomh Gréasáin

Sheol an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shuíomh Gréasáin (cea.gov.ie), ina bhfuil neart faisnéise faoin eagraíocht, mar aon le hábhar faisnéise agus treorach do stiúrthóirí cuideachta agus le rannán cuimsitheach ceisteanna coitianta chun cabhrú le geallsealbhóirí tuiscint a ghnóthú ar a gcuid dualgas, oibleagáidí agus ceart faoi dhlí na gcuideachtaí.

### Na meáin shóisialta

Oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntais meán sóisialta ar ardáin LinkedIn agus X. Faigheann leantóirí ar na hardáin sin an t-eolas is deireanaí ar bhonn rialta agus míreanna nua faoin Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus faoina ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmiúcháin. Oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cainéal YouTube freisin chun inneachar físeáin a chomhroinnt lena gheallsealbhóirí. Samhlaítear go sroichfidh físeáin uaslódáilte lucht féachana níos leithne agus go gcruthófar iad a bheith ina n-acmhainn luachmhar chun aird geallsealbhóirí a mhealladh agus oideachas a chur orthu i réimsí de dhlí na gcuideachtaí.

### Cur chun cinn

Modh amháin trína gcuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a sheirbhísí chun cinn don phobal is ea fógraíocht a dhéanamh i meáin ar dóigh dóibh a spriocluct féachana, amhail stiúrthóirí cuideachta, a shroicheadh. Thar an tréimhse faoi athbhreithniú, cuireadh 22 fhógra.

### Caidreamh leis na meáin

Ó uair a bhunaithe i leith, tá foireann meán an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag forbairt agus ag cothú caidreamh éifeachtach oibre leis na meáin. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, déileáladh le 70 ceist ó na meáin.

Thar an tréimhse, agus d'fhonn láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú in aigne a phríomhghrúpaí geallsealbhóirí, ghlac ionadaithe ón Údarás páirt i roinnt idirghníomhartha leis na meáin. Áiríodh leo sin:

- agallamh a rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le The Irish Times,
- alt a scríobh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin in irisleabhar chomhaltaí CPA Ireland,
- agallamh a rinneadh leis an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí ar an bpodchraoladh 'Law on Trial'.

# Colún 2

## Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach



# Cuspóirí straitéiseacha

Ar aon dul leis an sainordú reachtúil atá orainn comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn agus leis an ról níos leithne atá againn i gcomhairle a chur ar an lucht déanta beartas maidir le nithe atá ábhartha dár sainchúram, cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis:

1. Geallsealbhóirí a chumhachtú,
2. Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, agus
3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta.

## 1. Geallsealbhóirí a chumhachtú

Dar linn, is é an modh is éifeachtaí trínar féidir ár ngeallsealbhóirí a chumhachtú ná trí fhaisnéis agus treoir atá cruinn, neamhchlaonta agus inrochtana a sholáthar. Ar na geallsealbhóirí sa chomhthéacs sin tá stiúrthóirí agus rúnaithe cuideachta, comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta, creidiúnaithe agus an mórphobal.

### Ábhar faisnéise agus treorach

Is ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá sraith Leabhar Faisnéise ina dtugtar achoimre dár ngeallsealbhóirí ar róil, freagrachtaí, dualgais agus cearta na ndaoine seo a leanas:

- cuideachtaí,
- stiúrthóirí cuideachta,
- rúnaithe cuideachta,
- comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta,
- iniúchóirí, agus
- leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí.

Is féidir le dlí na gcuideachtaí bheith teicniúil agus casta in amanna agus, sa chomhthéacs sin, tá sé mar aidhm leis na doiciméid sin faisnéis a thabhairt do gheallsealbhóirí ar bhealach inrochtana neamhchlaonta.

De bhreis air sin, agus chun na Leabhair Faisnéise uainn a fhorlíonadh, áirítear le suíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach rannán cuimsitheach ceisteanna coitianta ar a dtugtar faisnéis bhreise faoi raon leathan topaicí a bhaineann le dlí na gcuideachtaí.







### Gníomhaíochtaí for-rochtana

D'fhonn ár dteachtaireacht a scaipeadh maidir le tairbhí dhlí na gcuideachtaí agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an gcéanna a chomhlíonadh i gcomaoin na dtairbhí agus na bpribhléidí a bhronntar, forlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ábhair faisnéise agus threorach le clár for-rochtana. Áirítear leis an gclár sin spriocdhíriú ar spriocphobail thábhachtacha ar na bealaí seo a leanas:

- freastal ar imeachtaí ar dóigh do stiúrthóirí cuideachta, mar shampla, a bheith i láthair acu, agus
- cainteanna agus láithreoireachtaí a thabhairt do spriocghrúpaí.


Ós rud é go rachaidh roinnt mhaith díobh ar aghaidh chun bheith ina stiúrthóirí cuideachta nó ina gcomhairleoirí do stiúrthóirí cuideachta, spriocdhírímid freisin ar mhic léinn disciplíní áirithe, e.g., an gnó agus an dlí. Tá cuspóir déach ag an ngné sin dár gcuid oibre sa dóigh is go rannchuidíonn sí freisin leis an gcuspóir straitéiseach de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach arb é atá ann a láithreacht a bhunú.

Ghlac oifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach páirt i 44 imeacht san iomlán, a raibh gach ceann díobh saincheaptha do chomhdhéanamh an lucht féachana. Ghlacamar páirt i seacht dtaispeántas freisin. Áiríodh leo sin an Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Tógála, an Cruinniú Mullaigh Gnó Uile-Éireann, an Móraonach Bia, Miondíola agus Fáilteachais, agus an Móraonach um Ghnó Níos Fearr a Thógáil.

### Nuachtlitir

Le linn na bliana 2023, d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an chéad nuachtlitir uaidh chun an chéad bhliain iomlán a bhí sé i mbun oibre a chomóradh. Is é aidhm na nuachtlitreach, a eiseofar do shíntiúsóirí ar bhonn ráithiúil, ná faisnéis agus nuacht faoin Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus faoina ghníomhaíochtaí a sholáthar d'fhaighteoirí.

**FÍOR 1**
Imeachtaí




- **63%** Gairmithe Dlí/Cuntasaíochta
- **23%** Mic Léinn Tríú Leibhéal
- **14%** Stiúrthóirí Cuideachta

## 2. Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn

Is féidir le saincheisteanna teacht chun cinn a bhainfeadh tairbhe as faisnéis agus treoir a bheith á soláthar ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, is féidir le reachtaíocht nua a fhágáil gur fiú treoir a sholáthar do pháirtithe leasmhara, faoi mar atá amhlaidh i gcás saincheisteanna a thagann aníos maidir le hoibriú aon reachtaíochta agus le hiompraíocht gníomhaithe iomchuí. Is iondúil go soláthraíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis agus treoir den sórt sin i riocht Nóta Faisnéise.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cúig Nóta Faisnéise san iomlán, agus cuireadh gach ceann díobh ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is mionsonraithe thíos atá na Nótaí Faisnéise a eisíodh, mar aon le hábhar an chéanna.

| | |
|---|---|
| **Nóta Faisnéise 2022/1**<br>Alt 385 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, agus ceapadh iniúchóirí ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach | Le smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh in aghaidh na Rúise, toirmeasctar seirbhísí gairmiúla éagsúla a sholáthar do chuideachtaí atá faoi úinéireacht Rúiseach. Díríodh sa Nóta Faisnéise seo ar ghnéithe iomchuí den chumhacht atá ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun iniúchóir a cheapadh i gcás nár ceapadh iniúchóir ag cruinniú ginearálta bliantúil. |
| **Nóta Faisnéise 2022/2**<br>Cearta rochtana ar an gClár Comhaltaí agus oibleagáidí ar chuideachtaí faoi alt 216 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 | Bhí an Nóta Faisnéise seo mar fhreagairt do mhéadú sa líon gearán a bhíothas ag fáil ó dhaoine den phobal a thuairiscigh gur diúltaíodh géilleadh do rochtain dóibh ar na Cláir Comhaltaí de chuid cuideachtaí ar fhorais cosanta sonraí. |
| **Nóta Faisnéise 2023/1**<br>Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach), 2022: Uirlisí Luathrabhaidh agus Creataí Athstruchtúrúcháin | Trasuíodh an Treoir maidir le hAthstruchtúrú Coisctheach i ndlí na hÉireann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach), 2022 ("na Rialacháin"), le héifeacht ón 27 Iúil 2022. Foilsíodh an Nóta Faisnéise, ar tháinig cleachtadh comhairliúcháin roimhe, chun cabhrú le stiúrthóirí agus iad ag iarraidh cásanna féideartha dócmhainneachta a shainaithint. Leagtar amach ann freisin na roghanna atá ar fáil do chuideachtaí nuair atá deacrachtaí airgeadais acu.Tugtar breac-chuntas sa Nóta Faisnéise freisin ar roinnt príomhtháscairí ar dheacrachtaí airgeadais agus ar fhaisnéis maidir le sásraí tarrthála. |
| **Nóta Faisnéise 2023/2**<br>Ceanglas ar stiúrthóirí cuideachta uimhreacha PSP a sholáthar agus doiciméid áirithe á gcomhdú acu | Le halt 888A d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a tháinig in éifeacht an 11 Meitheamh 2023, ceanglaítear ar stiúrthóirí ar chuideachtaí atá corpraithe in Éirinn uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) nó Uimhir Chéannachta Fíoraithe a áireamh agus foirmeacha áirithe á gcomhdú acu leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Sa Nóta Faisnéise, tugtar faisnéis ábhartha ina leith sin do stiúrthóirí. |
| **Nóta Faisnéise 2023/3**<br>Treoir maidir le glacadh le stiúrthóireachtaí cuideachta in imthosca áirithe | Cé nach bhfuil sé neamhdhleathach in aon chor do dhaoine teacht chun bheith ina stiúrthóir ar chuideachta nach bhfuil aon eolas acu uirthi nó nach bhfuil ach beagán eolais acu uirthi, tá gníomh den sórt sin místuama toisc go bhfágann sé na daoine lena mbaineann ar neamhchosaint ar riosca suntasach. Sa Nóta Faisnéise seo, tugtar faisnéis agus treoir maidir lena inmholta atá sé go nglacfadh duine páirt i ngníomhaíocht den sórt sin. |

# 3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta

Mar shainghníomhaireacht, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i riocht maith chun comhairle a thabhairt agus tionchar a imirt i bhfóraim atá ábhartha dá shainchúram reachtúil.

### An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí

Is comhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is comhlacht reachtúil é atá bunaithe chun comhairle maidir le nithe dlí cuideachtaí a thabhairt don Aire. Déanann sé cathaoirleacht ar Choiste Forfheidhmiúcháin an Ghrúpa freisin. De bhreis air sin, is comhaltaí de Choistí éagsúla an Ghrúpa iad oifigigh shinsearacha de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i.e., an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas agus an Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta). Gné amháin d'obair an Ghrúpa ar rannchuidigh an tÚdarás go mór léi le linn na tréimhse faoi athbhreithniú ba ea an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht lena rialaítear Ráitis um Chomhlíonadh ó Stiúrthóirí. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis an nGrúpa agus lena chuid oibre a fháil ag www.clrg.org.

### An Chomhairle Chomhairleach in aghaidh na Coireachta Eacnamaíche agus an Éillithe (an Chomhairle)

Is comhalta den Chomhairle é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Faigheann sé tacaíocht chuige sin ón Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas, ar comhalta den Fhóram Rialálaithe Sinsearacha é freisin. Is í an Chomhairle an comhlacht comhairleach ar bhunaigh an Rialtas é agus ar cuireadh de chúram air straitéis náisiúnta a fhorbairt le haghaidh dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus leis an éilliú lena breithniú ag an Rialtas, i measc nithe eile. I bhfianaise mhinicíocht na coireachta eacnamaíche, treochtaí sa choireacht eacnamaíoch agus chostas airgeadais na coireachta eacnamaíche don phobal, rannchuidigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go mór le hobair na Comhairle le linn na tréimhse. Rinne sé amhlaidh trí shonraí ábhartha a sholáthar, trí mhionsonraí a thabhairt faoi thograí agus moltaí maidir le treo agus luas obair na Comhairle, agus trí ábhar a dhréachtú lena bhreithniú ag an tionól iomlánach i gcomhthéacs an dréachtdoiciméid straitéise a chuirfear faoi bhráid an Rialtais sa deireadh.



### An Fóram Rialálaithe Sinsearacha (Fóram)

Mar atá luaite thuas, is comhalta den Fhóram é an Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas. Tuairiscíonn an Fóram don Chomhairle agus áirítear lena fheidhmeanna comhar agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí iomchuí rialála agus forfheidhmiúcháin a chothú agus a éascú. Chomh maith leis sin, éascaíonn an Fóram plé ar shaincheisteanna lena mbaineann tábhacht agus imní i measc rialálaithe agus éascaíonn sé comhroinnt eispéireas agus léargas.

### Comhairle, barúlacha agus moltaí a sholáthar

De bhreis ar an méid sin roimhe seo, rannchuidigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an méid seo a leanas le linn na tréimhse faoi athbhreithniú:

- an fhorbairt a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar Bhille na gCuideachtaí, ar bille nua beartaithe é, agus
- an fhorbairt a rinne an Roinn Dlí agus Cirt ar Bhille an Gharda Síochána (Cumhachtaí).

### An Coiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid

Is comhalta den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Faigheann sé tacaíocht chuige sin ón Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.



Ar chlé: Fallon Judge, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta, Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne, agus Ian Drennan, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag an gComhdháil Tionscnaimh 2023.
Thuas: An tAire Dara Calleary TD, Aoife McPartland BL, an Bainisteoir Sinsearach Forfheidhmiúcháin, Fallon Judge, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta, agus Ian Drennan, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag an gComhdháil Tionscnaimh 2023.




## An Chomhdháil Tionscnaimh

Agus é mar chuspóir aige feasacht a chur chun cinn ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar a thábhachtaí atá dlí na gcuideachtaí don gheilleagar i gcoitinne, chuir an tÚdarás a chomhdháil tionscnaimh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2023. Le linn dó déanamh amhlaidh, bhí sé de chuspóir ag an Údarás ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chur chun cinn agus plé a éascú ar shaincheisteanna tráthúla agus éiritheacha sa dócmhainneacht, sa trédhearcacht chorparáideach, sa ghníomhaíochas creidiúnaithe agus sa dlí coiriúil.

Bhí d'onóir againn gur oscail an tAire Dara Calleary TD an chomhdháil agus go ndearna Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne, cathaoirleacht ar an seisiún tráthnóna.

D'fhreastail breis agus 160 toscaire ar an gcomhdháil agus cuireadh ar siúl í i dtimpeallacht álainn Chumann Onórach Óstaí an Rí. Ar na daoine a bhí i láthair bhí daoine ó phríomh-spriocphobal an Údaráis, amhail stiúrthóirí cuideachta agus ceannairí gnó, comhaltaí den ghairm dlí agus den ghairm cuntasaíochta, ionadaithe do chomhlachtaí eile rialála/forfheidhmiúcháin, déantóirí beartas, agus príomhphearsana ó shaol an léinn.

Ar na cainteoirí ar an lá, a bhfuilimid fíorbhuíoch díobh as an am agus an dua a chuir siad isteach ina gcuid páipéar agus láithreoireachtaí a ullmhú, bhí daoine de na cleachtóirí is céimiúla sa Stát i réimse an dlí shibhialta agus an dlí choiriúil, údaráis aitheanta in ábhar dhlí na gcuideachtaí, an Ceann Taighde agus Beartais ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus duine dár mBainisteoirí Sinsearacha Forfheidhmiúcháin, a thug láithreoireacht ar a taighde PhD i réimse na srianta stiúrthóirí.

Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó thoscairí, d'éirigh go geal leis an gcomhdháil. Tá dea-dhul chun cinn déanta ar an ullmhúchán le haghaidh Chomhdháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2024 freisin.


**Inaugural Conference**
**19 October 2023**
King's Inns




CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Colún 3

## Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú



# Cuspóirí straitéiseacha

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis, lena gcumhdaítear ár sainchúram forfheidhmiúcháin:

1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú,
2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú, agus
3. Cuntasacht aonair a chinntiú.

## 1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú

### Comhthéacs

Ar an drochuair, is fíric bheatha í go gcliseann ar roinnt gnólachtaí. Go deimhin, is é an cuspóir atá le dliteanas teoranta, i gcás cliseadh corparáideach, ná sócmhainní pearsanta scairshealbhóirí a chosaint, rud a dhéanann gníomhaíocht fiontraíochta a éascú agus a spreagadh.

I gcás, áfach, nach ndéanann na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu cúrsaí cuideachtaí a bhainistiú an méid sin a dhéanamh ar bhealach atá macánta agus freagrach, foráiltear le dlí na gcuideachtaí do shásraí áirithe trína bhféadfaidh an Stát aghaidh a thabhairt ar iompraíocht den sórt sin ar mhaithe leis an bpobal a chosaint. Tá an creat reachtúil sin mar chúis le dhá shruth phríomha gníomhaíochta forfheidhmiúcháin a n-oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad.

Is iad sin:

i. maoirseacht ar leachtú cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí, agus
ii. gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i ndáil le cuideachtaí atá bainte den chlár.


### Maoirseacht ar leachtú cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí

Ceanglaítear ar leachtaitheoir gach cuideachta dócmhainní atá á foirceannadh tuairisc a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Agus an méid sin á dhéanamh, ceanglaítear ar leachtaitheoirí mionsonraí a thabhairt faoi na tosca ba chúis leis an dócmhainneacht agus tuairim a thabhairt, i ndáil le gach stiúrthóir, cé acu a ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach ina mhaoirseacht nó ina maoirseacht ar an gcuideachta.

**FÍOR 2**

## An Líon Tuarascálacha Leachtaitheoirí a Fuarthas

Mionsonraítear i bhFíor 2 an líon tuarascálacha leachtaitheoirí a fuarthas sa bhliain 2023 agus sna ceithre bliana roimhe sin.




## Srian

Bunaithe ar an scrúdú ar thuarascáil gach leachtaitheora, agus ar aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, tagann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuairim i ndáil le gach stiúrthóir maidir le cé acu a bhí iompraíocht an stiúrthóra sin de chineál gurbh údar le srian í, agus aird á tabhairt ar iompraíocht an stiúrthóra sin agus ar chorpas seanbhunaithe cásdlí.

**Faoiseamh iomlán**

Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim, tar éis dó tuarascáil/tuarascálacha an leachtaitheora a athbhreithniú, gurbh amhlaidh, bunaithe ar a n-iompraíocht, nár cheart aon duine de na stiúrthóirí a shrianadh. In imthosca den sórt sin, bhí saorchead ag na stiúrthóirí iomchuí, dá bhrí sin, chun teacht chun bheith ina stiúrthóirí ar chuideachtaí eile dá mba mhian leo déanamh amhlaidh.

**Gan aon fhaoiseamh**

Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim, tar éis dó tuarascáil/tuarascálacha an leachtaitheora a athbhreithniú, gurbh amhlaidh, bunaithe ar a n-iompraíocht, gur cheart gach duine de na stiúrthóirí a shrianadh (nó iad a dhícháiliú, bunaithe ar a n-iompraíocht). In imthosca den sórt sin, dhéanfaí, i ndáil leis na stiúrthóirí:

- gealltanas a thairiscint dóibh, nó
- iad a chur faoi réir iarratas cúirte arna thionscnamh ag an leachtaitheoir nó ag an Údarás.

**Faoiseamh páirteach**

Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim, tar éis dó tuarascáil/tuarascálacha an leachtaitheora a athbhreithniú, gurbh amhlaidh, bunaithe ar a n-iompraíocht:

- nár cheart roinnt de na stiúrthóirí a shrianadh, agus
- ba cheart, i ndáil le roinnt de na stiúrthóirí:
    - gealltanas a thairiscint dóibh, nó
    - iad a chur faoi réir iarratas cúirte arna thionscnamh ag an leachtaitheoir nó ag an Údarás.

**Am breise**


Mar fhreagra ar iarraidh, deonaíodh am breise don leachtaitheoir ar laistigh de a bhí sé nó sí in ann a fhiosruithe nó a fiosruithe a chur i gcrích.

**Eile**

Tagraíonn an chatagóir seo do chásanna ina gcuirtear in iúl don leachtaitheoir nach bhfuil aon tuarascálacha breise ag teastáil, bíodh sé ar chor ar bith nó go dtí go dtabharfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach fógra ina thaobh ar dháta is déanaí, agus nach dtugtar faoiseamh don leachtaitheoir agus nach ndiúltaítear faoiseamh a thabhairt don leachtaitheoir. Is féidir leis sin teacht chun cinn, mar shampla, i gcásanna annamha ina bhfilleann cuideachta ar an tsócmhainneacht i gcúrsa an fhoirceanta nó i gcás gurb amhlaidh, faoin am atá tuarascáil deiridh an leachtaitheora dlite, a dícháilíodh na stiúrthóirí cheana féin de bhun gníomhartha a rinne an leachtaitheoir (e.g., i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta trádála calaoisí).

**FÍOR 3**

## Breitheanna a Tugadh i ndáil le Tuarascálacha





Sa tuarascáil seo, tá an bhrí seo a leanas leis na téarmaí sin:
Beart cosanta poiblí is ea srian. Fad atá sé nó sí srianta, ní fhéadfaidh duine gníomhú mar stiúrthóir cuideachta ach amháin má chomhlíonann aon chuideachta a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi íoscheanglais chaipitlithe áirithe[2]. Tá sé sin i gcodarsnacht le duine nach bhfuil faoi réir sriain, a fhéadfaidh a bheith ina stiúrthóir ar chuideachta a bhfuil scairchaipiteal chomh híseal le €1 aici. Maireann srian tréimhse cúig bliana agus, le linn iad a bheith srianta, is féidir ainm daoine srianta (agus dícháilithe) a aimsiú trí na cláir a ndéanann Cláraitheoir na gCuideachtaí iad a chothabháil a chuardach.

I gcás go bhfuil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim, bunaithe ar iompraíocht an stiúrthóra, gurbh údar le srian í, féadfaidh an tÚdarás, más cuí leis, deis a thairiscint don stiúrthóir lena mbaineann glacadh le gealltanas maidir le srian. Má ghlactar leis, beidh an éifeacht chéanna ag gealltanas maidir le srian amhail is dá mba rud é gur shrian an Ard-Chúirt an duine.

I gcás go roghnaíonn stiúrthóir gan glacadh le gealltanas, ordóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don leachtaitheoir imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh chun srian an stiúrthóra a lorg. Ó thaobh an stiúrthóra de, beidh an próiseas sin ina phróiseas níos costasaí, ar ndóigh.

**FÍOR 4**

## Gealltanais maidir le Srian a Tairgeadh




- **86%** An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- **14%** An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

2. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Dícháiliú

Beart cosanta poiblí atá níos tromchúisí is ea dícháiliú, sa dóigh is gurb amhlaidh, má tá duine dícháilithe, a thoirmeasctar an duine sin gníomhú mar stiúrthóir cuideachta (agus róil áirithe eile a chomhlíonadh) ar feadh fhad na tréimhse dícháiliúcháin ar an mbonn gur daoine mí-oiriúnacha le baint a bheith acu le bainistiú cuideachta iad daoine den sórt sin.

I gcás gurb amhlaidh, bunaithe ar thuarascáil leachtaitheora (agus ar aon fhaisnéis ábhartha eile), a thagann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an tuairim go bhfuil údar ann le dícháiliú, féadfaidh an tÚdarás, má mheastar é a bheith cuí, gealltanas maidir le dícháiliú a thairiscint don stiúrthóir. Má ghlactar leis, beidh an éifeacht chéanna ag gealltanas maidir le dícháiliú amhail is dá mba rud é gur dhícháiligh an Ard-Chúirt an duine. I gcás go bhfuil an iompraíocht de chineál a fhágann, i dtuairim an Údaráis, gur údar le dícháiliú ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana í, ní thairgfear gealltanas.

I gcás go roghnaíonn stiúrthóir gan glacadh le gealltanas maidir le dícháiliú:


i. féadfaidh an leachtaitheoir imeachtaí a thionscnamh ar son dhícháiliú an stiúrthóra, más cuí leis nó léi,
ii. féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí a thionscnamh ar son dhícháiliú an stiúrthóra.

Sa chleachtas, tionscnaíonn an leachtaitheoir na himeachtaí sa chuid is mó de chásanna.

Arís, is amhlaidh, ó thaobh an stiúrthóra de, a bheidh an próiseas um chaingean Ard-Chúirte a chosaint níos costasaí ná glacadh le gealltanas maidir le dícháiliú.

**FÍOR 5**

### Gealltanais maidir le Dícháiliú a Tairgeadh i ndáil le Leachtuithe Dócmhainneacha




- **80%** An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- **20%** An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

### Tarchur go hinmheánach laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

I gcás go dtagann saincheisteanna chun cinn, i ndáil le hiompraíocht stiúrthóirí nó le hiompraíocht leachtaitheora arb amhlaidh, i dtuairim an

Údaráis, atá údar ann le tuilleadh grinnscrúdaithe ina leith, tarchuirtear nithe den sórt sin go hinmheánach chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta nó chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil.

**Forfheidhmiú i ndáil le cuideachtaí atá bainte den chlár**

I gcás go dtagann cuideachta chun bheith dócmhainneach go hiomlán, is í an chuideachta a chur faoi leachtú an ghníomhaíocht is cuí chun saolré na cuideachta a thabhairt chun deiridh. Leis sin, cinntítear go bhfoirceanntar an chuideachta go hordúil agus go mbíonn iompar na stiúrthóirí faoi réir an phróisis atá mionsonraithe thuas.

I gcás nach ndéantar an ghníomhaíocht sin ach, ina ionad sin, go bhfágann na stiúrthóirí an chuideachta chun dul i léig, bainfear an chuideachta den chlár sa deireadh mar gheall ar thuairisceáin bhliantúla gan a bheith á gcomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Chun a chinntiú nach n-éalaíonn iompraíocht stiúrthóirí ó ghrinnscrúdú faoi na himthosca sin, foráiltear le dlí na gcuideachtaí go dtagann na stiúrthóirí ar chuideachtaí den sórt sin faoi raon feidhme shainchúram forfheidhmiúcháin an Údaráis.

I gcás go roghnaíonn an tÚdarás cuideachta dhócmhainneach atá bainte den chlár le haghaidh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, déanfaidh an tÚdarás comhfhreagras le gach stiúrthóir. In amanna, is é an toradh a bhíonn ar an gcomhfhreagras sin ná go ndéanann an stiúrthóir/na stiúrthóirí na bearta is gá chun go gcuirfí an chuideachta ar ais ar an gclár. Mura gcuirtear an chuideachta ar ais ar an gclár, tairgfear gealltanas maidir le dícháiliú don stiúrthóir/do na stiúrthóirí ar an gcéad ásc. Má ghlactar leis, beidh an éifeacht chéanna ag gealltanas maidir le dícháiliú amhail is dá mba rud é gur dhícháiligh an Ard-Chúirt an duine, mar atá amhlaidh sa phróiseas atá mionsonraithe thuas.

I gcás go roghnaíonn stiúrthóir ar chuideachta den sórt sin gan glacadh le gealltanas, tionscnóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí dícháiliúcháin in aghaidh an stiúrthóra. Ó thaobh an stiúrthóra de, beidh an próiseas sin ina phróiseas níos costasaí, mar atá amhlaidh thuas.

## Forfheidhmiú gaolmhar – iompraíocht stiúrthóirí, mainneachtain na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, agus sárú ar shrian/ar dhícháiliú

Is féidir le gníomhartha forfheidhmiúcháin iarmhartacha teacht as na próisis atá mionsonraithe thuas. Mar shampla:

- i gcás go dtugtar le fios i dtuarascáil leachtaitheora go bhfuil fianaise ann ar éagóiritheoireacht choiriúil ar thaobh stiúrthóirí, féadfar an ní a tharchur go hinmheánach laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh imscrúdú coiriúil,
- i gcás go mainníonn leachtaitheoir na hoibleagáidí atá air nó uirthi tuairisciú don Údarás a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás a cheangal ar an leachtaitheoir tuairisciú (trí chumhachtaí forfheidhmiúcháin shibhialta a úsáid) nó féadfaidh sé ionchúiseamh a thionscnamh in aghaidh an leachtaitheora,
- is cion é gníomhú de shárú ar shrian nó ar dhícháiliú. I gcás go dtagann fianaise chun cinn ina dhiaidh sin gur tharla sárú den sórt sin, is gnách go dtagann an ní chun bheith ar an ábhar d’imscrúdú coiriúil.

### Príomhthreochtaí dócmhainneachta


Tar éis dhá bhliain de ghníomhaíocht a bhí íseal go saorga le linn phaindéim Covid-19, tháinig méadú suntasach ar dhócmhainneachtaí corparáideacha sa dara sé mhí den bhliain 2022 agus isteach sa bhliain 2023. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2023, b'ionann an líon cuideachtaí a bhí ag dul faoi leachtú dócmhainneach agus an líon sin a bhí ann roimh an bpaindéim. Maidir leis an méadú/leis an bhfilleadh ar an líon dócmhainneachtaí a bhí ann roimh an bpaindéim, is féidir, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, é a chur síos do thosca ar a nós seo a leanas:

- an deireadh a bhíothas ag cur de réir a chéile le scéimeanna agus tacaí Rialtais a soláthraíodh do ghnólachtaí a bhí thíos leis na srianta sláinte poiblí agus le héifeachtaí coimhdeacha eile phaindéim Covid-19,
- an tionchar a bhí ag praghsanna fuinnimh níos airde agus ag méaduithe i gcostais ionchuir, agus
- rátaí úis a bhí ag méadú.

**FÍOR 6**

## Cuideachtaí a Chuaigh faoi Leachtú Dócmhainneach 2019-2023

Léirítear i bhFíor 6 an líon cuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach le linn na tréimhse 2019-2023.




Mionsonraítear i bhFíor 7 an miondealú ar chuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach ar fud earnálacha éagsúla den gheilleagar le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Díorthaíodh an fhaisnéis sin ó anailís ar aicmithe NACE a taifeadadh sna chéad tuarascálacha a chuir leachtaitheoirí isteach de bhun alt 682. Fuarthas 676 cinn de na tuarascálacha sin sa tréimhse faoi athbhreithniú.

**FÍOR 7**

## Dócmhainneachtaí de réir Earnála



| | |
|---|---|
| **16%** | Mórdhíol agus Miondíol |
| **17%** | Tógáil |
| **16%** | An Earnáil Pobail, an Earnáil Shóisialta agus Earnálacha Eile |
| **3%** | Monaraíocht agus Clódóireacht |
| **14%** | Óstáin, Tithe Tábhairne agus Lónadóireacht |
| **2%** | Margaíocht agus Cur Chun Cinn |
| **5%** | Eastát Réadach agus Cíos |
| **6%** | Teicneolaíocht agus Teileachumarsáid |
| **14%** | Airgeadas agus Léasú |
| **5%** | Iompar agus Dáileadh |
| **2%** | Talmhaíocht, Mianadóireacht agus an Earnáil Mhuirí |
| **0%** | Earcaíocht agus Seirbhísí Slándála |

## An clár um chomhlíonadh comhdúcháin leachtaitheoirí

Is cuid bhunriachtanach d'oibriú éifeachtach an chórais reachtúil mhaoirseachta lena rialaítear na stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha é tuairisciú tráthúil ar thaobh leachtaitheoirí. Mar sin de, glacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cur chuige atá réamhghníomhach, agus atá láidir de réir mar is gá, i leith faillí ina leith sin.


Cé gurb ard, tríd is tríd, atá comhlíonadh na hoibleagáide chun tuarascálacha alt 682 a chomhdú (i.e., 90% i gcás na gcéad tuarascálacha agus 88% i gcás tuarascálacha breise le linn na tréimhse faoi athbhreithniú), tháinig laghdú beag ar chomhlíonadh sa bhliain 2020 (i.e., 81% i gcás na gcéad tuarascálacha agus 76% i gcás tuarascálacha breise) agus sa bhliain 2022 (87% i gcás na gcéad tuarascálacha agus 83% i gcás tuarascálacha breise).

I bhfianaise a thábhachtaí atá tuairisciú tráthúil ag leachtaitheoirí ó thaobh éifeachtacht an phróisis de, mar aon leis an bhfíoras go bhfuil spriocdhátaí tuairiscithe leagtha amach sa dlí, rinne an tÚdarás comhfhreagras leis na leachtaitheoirí uile le linn na bliana 2023 agus, le linn dó déanamh amhlaidh, mheabhraigh sé dóibh a n-oibleagáidí comhdúcháin agus na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le neamhchomhlíonadh.

Maidir leis na leachtaitheoirí sin a mhainnigh iad féin a chur i gcomhréir, cé gur tugadh rabhadh dóibh faoi na hiarmhairtí féideartha, géaraíodh an tsaincheist agus tionscnaíodh an chéad iarratas chuig an Ard-Chúirt tráth dheireadh na bliana 2023. Ba cheart do leachtaitheoirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh ionchúiseamh coiriúil agus/nó dícháiliú ó ghníomhú mar leachtaitheoir a bheith mar thoradh ar mhainneachtain rialta a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

**FÍOR 8**

Comhlíonadh Chomhdú Thuarascálacha Alt 682 mar Chéatadán, 2019-2023




## Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí

Cé gur cuid thábhachtach d'éifeachtacht an phróisis é tuairisciú tráthúil, is cuid thábhachtach eile di é caighdeán (i.e., cáilíocht ábhair) na dtuarascálacha leachtaitheoirí. I líon beag cásanna, measadh cáilíocht an tuairiscithe gan a bheith ar an gcaighdeán is gá agus/nó soláthraíodh faisnéis neamh-leordhóthanach chun críocha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i.e., chun a chinneadh cé acu is cuí faoiseamh a dheonú nó nach ea. I gcás gur tharla sé sin, rinne an tÚdarás caidreamh díreach leis na cleachtóirí dócmhainneachta i gceist.

# Maoirseacht dócmhainneachta:

## An Próiseas Tuairiscithe Leachtaitheoirí




1. Eisíonn an Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta gealltanais i bhformhór mór na gcásanna ina ndiúltaítear faoiseamh a thabhairt do leachtaitheoirí ón oibleagáid chun srianadh na stiúrthóirí a lorg. In imthosca áirithe, áfach, is féidir go measfar é a bheith cuí gan gealltanas a eisiúint agus iarraidh ar an Ard-Chúirt an ní a chinneadh ina áit.

# 2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú

## Foinsí faisnéise

Is frithghníomhach go príomha, ach gan go heisiach, atá obair forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i.e., freagraímid do léirithe ar éagóiritheoireacht a thagann ar ár n-aird. Is mar a leanas atá na príomhchainéil trína dtagann faisnéis den sórt sin ar ár n-aird:

- gearáin ó dhaoine den phobal,
- nochtaí cosanta,
- tuarascálacha reachtúla,
- tarchuir ón bpróiseas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí, agus
- tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile.

De bhreis air sin, sainaithnítear inár n-anailís féin in amanna na saincheisteanna ar fiú tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu.

## Measúnú

Gan roinnt eisceachtaí a áireamh, is laistigh den Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta ar dtús a athbhreithnítear léirithe ar éagóiritheoireacht a bhfaigheann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad. Tar éis measúnú tosaigh, tugtar breith maidir leis an modh is oiriúnaí chun déileáil le ní. Is féidir go mbeidh na torthaí seo a leanas, mar shampla, ar an measúnú tosaigh sin:

- an ní a bheith á dhúnadh, ar an mbonn nach ní dlí cuideachtaí é nó nach dtugtar sárú ar dhlí cuideachtaí le fios san fhaisnéis a soláthraíodh,
- breith go ndéanfaí an ní a imscrúdú tuilleadh, i.e., chun teacht ar fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith riachtanach chun an tsaincheist/na saincheisteanna a mheasúnú go cuí,
- rabhadh a bheith á eisiúint chuig an gcuideachta/na stiúrthóirí lena mbaineann,
- an ní a bheith á réiteach chun sástacht an Údaráis, a tharlaíonn de ghnáth de bhun fianaise chuige sin a bheith soláthartha ag an gcuideachta agus/nó ag a stiúrthóirí,
- ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chun aghaidh a thabhairt ar an ní bunúsach, mar shampla ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chuig na stiúrthóirí ar chuideachta chun Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta a chomóradh,
- cumhachtaí reachtúla eile a bheith á bhfeidhmiú, mar shampla an chumhacht chun cláir reachtúla cuideachta a iniúchadh,
- an ní a bheith á tharchur chuig tríú páirtí iomchuí (e.g., gníomhaireacht eile Stáit nó comhlachas gairmiúil iomchuí) i gcás go dtugtar saincheisteanna atá faoi shainchúram an tríú páirtí le fios san fhaisnéis, agus
- an ní a bheith á tharchur chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil.

## Cumhachtaí imscrúdúcháin

I gcás go dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe, tá sraith fhairsing cumhachtaí reachtúla ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leis na cumhachtaí sin:


- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus
- an ceart chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a cheadú, mar shampla Cigirí atá ceaptha ag an gcúirt.
- Maidir le hoifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar comhaltaí den Gharda Síochána iad freisin:
  - tá cumhachtaí gabhála acu, agus
  - féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna ar bharántais chuardaigh agus ar orduithe eile faoi fhorálacha eile nach forálacha dlí cuideachtaí iad.

## Gearáin

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 398 gcinn de ghearáin agus de léirithe imní san iomlán ó dhaoine den phobal. Fuarthas 56 ghearán breise ó eintitis phoiblí éagsúla, lenar áiríodh Banc Ceannais na hÉireann, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Garda Síochána. Tugtar anailís i bhFíor 9 ar ábhar na ngearán.

**FÍOR 9**

### Gearáin a Fuarthas 2022 agus 2023




- **4%** Saincheisteanna Iniúchóireachta
- **8%** CGB/CGU
- **6%** Clár Comhaltaí
- **4%** Rochtain ar Chuntais/ar Mhion-tuairiscí
- **8%** Doiciméid Fhalsaithe/Comh-duithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- **4%** Gan Comhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- **9%** Saincheisteanna maidir leis an Seoladh
- **1%** Iasachtaí Stiúrthóirí, gan ráta úis
- **5%** Fiacha
- **7%** Freagrachtaí Stiúrthóirí
- **2%** Saincheisteanna maidir le Scairsheilbh
- **1%** Saincheisteanna maidir leis an Ainm Gnó
- **9%** Líomhaintí Calaoise/ Trádála Meargánta
- **1%** Trádáil nuair atáthar Díscaoilte/ Ag úsáid an stádais 'Teo.'
- **10%** Saincheisteanna maidir le Leachtú
- **2%** Trádáil nuair atáthar Dócmhain-neach
- **13%** Ilghnéitheach
- **6%** Athrú i nDeireadh na Bliana Airgeadais


## Nochtaí cosanta

Duine ainmnithe chun críche nochtaí cosanta a fháil is ea an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, leasaíodh an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Mar thoradh air sin, fairsingíodh an míniú ar cad is "éagóiritheoireacht iomchuí" ann, leathnaíodh an míniú ar cad is "faisnéis iomchuí" ann agus méadaíodh an míniú ar cad is "oibrí" ann.

**FÍOR 10**

### Gníomhaíocht de bhun Nochtadh Cosanta





- **55%** Níor Measadh aon Ghníomhaíocht Bhreise a bheith Riachtanach
- **41%** Measadh Gníomhaíocht Bhreise a bheith Riachtanach
- **4%** Measúnú atá ar Siúl fós ag Deireadh na Bliana 2023

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 22 thuairisc inar tugadh sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí le fios agus a airbheartaíodh a bheith ina nochtaí cosanta. Ar aon nochtadh a fháil, measúnaítear é ar an gcéad ásc chun a shuí an dtagann sé faoi raon feidhme na reachtaíochta um nochtadh cosanta nó nach dtagann. I gcás go suitear nach dtagann an ní faoi raon feidhme na reachtaíochta sin, déileáiltear leis mar ghearán.

Áiríodh le cineál na héagóiritheoireachta tuairiscithe líomhaintí gur sáraíodh dualgais stiúrthóirí agus líomhaintí go ndearnadh cionta indíotáilte, i measc nithe eile.

**FÍOR 11**

## Cionta Líomhnaithe a Tuairiscíodh trí Nochtadh Cosanta




### Tuarascálacha reachtúla

Ceanglaítear le dlí na gcuideachtaí in imthosca áirithe go ndéanann iniúchóirí, agus páirtithe eile amhail leachtaitheoirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe, tuarascálacha reachtúla don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tríd is tríd, dúisítear na ceanglais tuairiscithe sin i gcás, i gcaitheamh chomhlíonadh a bhfeidhmeanna, go dtagann fianaise ar a n-aird is cúis le teacht ar thuairim gur féidir go ndearnadh sárú tromchúiseach ar dhlí na gcuideachtaí.


De bhreis air sin, ceanglaítear ar ghníomhaithe áirithe eile faoi dhlí na gcuideachtaí (i.e., scrúdaitheoirí agus comhairleoirí próisis) cóipeanna dá dtuarascálacha a thabhairt don Údarás chun críocha faisnéise (in ionad maíomh éagóiritheoireachta a bheith ann).

### Tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí

Más rud é, i gcúrsa an iniúchta reachtúil ar chuideachta, go dtagann iniúchóir reachtúil ar an tuairim gur féidir go ndearnadh cion indíotáilte faoi dhlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar an iniúchóir an fíoras sin a thuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mionsonraí a thabhairt don Údarás faoi na forais ar ar thángthas ar an tuairim. Ní cheanglaítear ar iniúchóirí cuardach le haghaidh cionta. Ina ionad sin, ba cheart dóibh bheith ar a n-airdeall agus freagairt d'fhaisnéis a thagann isteach ina seilbh.

**FÍOR 12**

## Substaint na dTuarascálacha




Bítear ag súil leis go soláthróidh iniúchóirí faisnéis leorga mar thaca lena dtuairimí chun cur ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach meastóireacht chuí a dhéanamh ar na himthosca ba chúis le tuarascáil a bheith á cur isteach. I gcás go soláthraítear faisnéis neamhleor, iarrfaidh an tÚdarás faisnéis bhreise ón iniúchóir trí éileamh reachtúil.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuair an tÚdarás 239 dtuarascáil ciona indíotáilte ó iniúchóirí cuideachtaí.

**FÍOR 13**


## Próifíl Iniúchóirí




**FÍOR 14**

## Anailís de réir Earnála Iúil 2022-Nollaig 2023


Is leagtha amach i bhFíor 14 atá na hearnálacha eacnamaíocha a bhfuarthas tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí ina leith le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.




Toisc rannpháirteach shuntasach amháin i gcomhthéacs an tuairiscithe iniúchóirí is ea athrú iniúchóra. Rud sonrach, tarlaíonn sé in amanna, i gcás gur tháinig iniúchóir nua in ionad iniúchóir reachtúil, tar éis don iniúchóir nua léiriú ar dhéileáil chuntasaíochta a ghlacadh atá difriúil leis an léiriú sin a ghlac a réamhtheachtaí, go dtagann an t-iniúchóir nua ar an tuairim gur gá tuarascáil a chur isteach.

**FÍOR 15**

## Anailís ar Thuarascálacha Ciona Indíotáilte (gan iasachtaí stiúrthóirí a áireamh), 2023




- **56%** Gan aon Athrú ar Iniúchóir
- **38%** Athrú ar Iniúchóir
- **6%** Díolmhaithe roimhe sin ó Iniúchadh

### Tuarascálacha comhairleoirí próisis

Sular achtaíodh Acht na gCuideachtaí (Próiseas Tarrthála le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí), 2021, ba í scrúdaitheoireacht an príomhphróiseas tarrthála a bhí ar oscailt do chuideachtaí. Leis an bpróiseas sin, ceadaíodh tréimhse cosanta cúirte tráth a bhí pleananna tarrthála á gceapadh. Próiseas foirmiúil costasach is ea scrúdaitheoireacht, áfach, agus, chun an fíoras sin a aithint, tugadh an Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP) isteach sa bhliain 2021. Tá SCARP ina phróiseas malartach tarrthála do Chuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí[3] a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus tá sé ceaptha chun bheith ina rogha atá níos tapa agus níos neamhchostasaí ná mar atá scrúdaitheoireacht.

3. Tá scéim SCARP ar oscailt do chuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí a chomhlíonann dhá cheann de na trí chritéar seo a leanas:
   - níl níos mó ná 50 fostaí ag an gcuideachta,
   - ní mó láimhdeachas na cuideachta ná €12 mhilliún,
   - Ní mó iomlán Chlár Comhardaithe na cuideachta ná €6 mhilliún.

   De bhreis air sin, is ceanglais iad na nithe seo a leanas chun cáiliú le haghaidh SCARP:
   - ní féidir, nó is dóigh nach féidir, leis an gcuideachta a fiacha a íoc,
   - níl an chuideachta faoi leachtú,
   - ní mór nár cheap an chuideachta aon scrúdaitheoir ná aon chomhairleoir próisis le cúig bliana anuas, agus
   - má ceapadh glacadóir chuig an gcuideachta, ní bheidh an chuideachta incháilithe le haghaidh SCARP ach amháin i gcás gur ceapadh an glacadóir ar feadh tréimhse nach lú ná trí lá oibre.

# Achoimre ar Phróiseas SCARP

Próiseas Leachtaithe/Dócmhainneachta

**Ráiteas maidir le Cúrsaí**
Ullmhaíonn stiúrthóirí Ráiteas maidir le Cúrsaí mar aon le Dearbhú Reachtúil i ndáil le cúrsaí na cuideachta.

**Tuarascáil comhairleora próisis**
Cinneann an comhairleoir próisis go bhfuil seans réasúnach ann go mairfidh an chuideachta agus cuireann sé nó sí tuarascáil isteach ina ndeimhnítear go bhfuil an chuideachta inmharthana.

**Gan aon seans réasúnach go mairfidh an chuideachta.**

**LÁ 1**
**Rún Stiúrthóirí**
Ritheann stiúrthóirí rún chun tús a chur leis an bpróiseas a bheidh faoi fhormhaoirseacht ag an gcomhairleoir próisis. Tá fógra le comhdú leis an gCúirt.

**LÁ 2 - 42**
**Ullmhú pleananna tarrthála**
Oibríonn an comhairleoir próisis leis an gcuideachta chun plean tarrthála a ullmhú agus é a scaipeadh ar chreidiúnaithe roimh lá 42. Ní mór fógra a sheirbheáil ar chreidiúnaithe ineisiata á rá go bhfuil sé de rún ag an bpróiseas a bhfiach a chomhréiteach.

**Diúltaíonn an creidiúnaí/na creidiúnaithe an plean tarrthála/ cuireann an comhairleoir próisis in iúl nach bhfuil plean tarrthála indéanta.**

**LÁ 49**
**Vóta ar an bplean tarrthála**
Vótálann na creidiúnaithe ar an bplean tarrthála.Teastaíonn aicme creidiúnaithe amháin is mó ná 60%.

**LÁ 70**
**Conclúid**
Mura gcomhdaítear agóid sa chúirt laistigh den tréimhse mharana 21 lá, beidh an plean tarrthála ina cheangal.


**Diúltaíonn an Chúirt an plean tarrthála bunaithe ar agóid a tharraing an creidiúnaí/na creidiúnaithe anuas.**

Is é comhairleoir próisis a reáchtálann próisis SCARP. Tá oibleagáid air nó uirthi plean tarrthála a fhorbairt don chuideachta. Ní mór don chomhairleoir próisis an tuarascáil deiridh uaidh nó uaithi, i.e., tar éis plean tarrthála a fhorbairt, a chur isteach chuig an Údarás. Murab ionann agus tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí, ina sainaithnítear cionta indíotáilte de réir a gcineáil, cuirtear tuarascálacha comhairleoirí próisis isteach chuig an Údarás le haghaidh faisnéise, i.e., faisnéis faoin bpróiseas tarrthála agus faoin bplean tarrthála. Is léir, áfach, gurb amhlaidh, i gcás go dtugtar éagóiritheoireacht fhéideartha nó saincheisteanna eile le fios i dtuarascáil, a fhéadfadh an tÚdarás í a imscrúdú de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 51 tuarascáil comhairleoirí próisis san iomlán. Áiríodh leis an bhfigiúr sin 33 cinn a fuarthas sa bhliain 2023. Scrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gach tuarascáil. Mionsonraítear i bhFíor 16 na hearnálacha den gheilleagar inar ceapadh comhairleoirí próisis. Mar is féidir a fheiceáil ón gcéanna, bhí miondíol, fáilteachas, monaraíocht mótarfheithiclí/innealra, agus tógáil/innealtóireacht freagrach as 53% den líon iomlán ceapachán.

**FÍOR 16**

## Anailís de réir Earnála, Iúil 2022 - Nollaig 2023




**Fuarthas Tuarascáil 51 Comhairleoirí Próisis** san iomlán

**33** An líon a fuarthas in **2023**

**Fíor 17**

## Gan aon Phlean Tarrthála a bheith ann




**Ag deireadh mhí na Nollag 2023** ba mar thoradh ar Phróisis SCARP

a ceapadh **33 Phlean Tarrthála**

agus bhí **7 gCinn Eile ar Siúl Fós**

bhí **11** chás ann **nár comhaontaíodh aon phlean tarrthála**

## FÍOR 18
Áiríodh leis an bPlean Tarrthála Athruithe ar an Lucht Bainistíochta



- **21%** Tá
- **79%** Níl

## FÍOR 19
Áiríodh leis an bPlean Tarrthála Léas/Conradh Ath-idirbheartaithe



- **58%** Tá
- **42%** Níl

## FÍOR 20
Foinse Cistiúcháin



- **3%** Úsáideadh Sreabhadh Airgid a bhí ann cheana
- **3%** Tugadh Bearta Sábhála Costas isteach
- **33%** Fuarthas Iasacht
- **43%** Infheistíocht Cothromais
- **18%** Teaglaim de na Nithe Thuas



## Tuarascálacha scrúdaitheoirí

Mar a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis, tá laghdú tagtha ar an líon scrúdaitheoireachtaí a tionscnaíodh ó thabhairt isteach phróiseas SCARP i leith. Ceanglaítear ar scrúdaitheoirí cóipeanna de na tuarascálacha a chuireann siad isteach chuig an gcúirt a chomhdú leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh faisnéise agus, le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne an tÚdarás 13 thuarascáil scrúdaitheoirí san iomlán a fháil agus a bhreithniú.

## Tarchuir ón bpróiseas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí

Is leagtha amach istigh anseo cheana atá próisis an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh dócmhainneacht chorparáideach a mhaoirsiú. Má shainaithníonn an Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta le linn di a feidhmeanna a chomhlíonadh aon nithe a thugann le fios go ndearnadh éagóiritheoireacht choiriúil, tarchuirtear na nithe sin chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil lena scrúdú.

## Tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile

Ar an mbealach céanna a dtarchuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nithe lena mbaineann ábharthacht chuig gníomhaireachtaí eile Stáit de réir mar is cuí, faigheann an tÚdarás tarchuir ó chomhlachtaí eile Stáit, i.e., i gcás go bhfuil léirithe ann ar sháruithe ar dhlí na gcuideachtaí. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 56 tharchur den sórt sin. Ar na gníomhaireachtaí tarchuir bhí an Garda Síochána, an Banc Ceannais, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, agus na Coimisinéirí Ioncaim.

## Ábhair a imscrúdaíodh de bhun anailís inmheánach

De bhreis ar imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí éagóiritheoireachta a fhaightear ó dhaoine den phobal, trí thuarascálacha reachtúla a fháil, agus ó chomhlachtaí rialála eile, etc., déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a anailísí agus a athbhreithnithe téamacha féin freisin. Sa chomhthéacs sin, shainaithin an tÚdarás, 53 uair le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, daoine aonair a srianadh, a dícháilíodh nó a dearbhaíodh a bheith ina bhféimheach agus ar theip orthu na bearta riachtanacha a dhéanamh chun iad féin a chur as oifig mar stiúrthóirí cuideachta nó, i gcás sriain, an bonn caipitil riachtanach a chur i bhfeidhm i gcás gur mhian leo a bheith ina stiúrthóir fós.

## Forfheidhmiú

Tríd is tríd, is féidir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhoroinnt ina dtrí chatagóir, is iad sin:

i. comhlíonadh a áirithiú trí bhearta riaracháin,
ii. bearta forfheidhmiúcháin shibhialta, agus
iii. bearta forfheidhmiúcháin choiriúil.



## Comhlíonadh a áirithiú trí bhearta riaracháin

Ní bheadh sé comhréireach ná éifeachtach ó thaobh acmhainní de dá rachadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i muinín na gcumhachtaí foirmiúla forfheidhmiúcháin atá aige chun freagairt do gach gearán, do gach tuairisc reachtúil, nó do gach léiriú eile ar éagóiritheoireacht fhéideartha a thagann ar a aird. Ina ionad sin, i gcás, ag féachaint do na fíorais agus na himthosca aonair, go bhfuil sé cuí déanamh amhlaidh, féachfaidh an tÚdarás ar an gcéad ásc le haghaidh a thabhairt ar na nithe a thagann ar a aird ar mhodh atá níos éifeachtaí ó thaobh acmhainní de agus atá níos comhréirí fós. Tugtar sna cás-staidéir seo a leanas roinnt samplaí ina leith sin. Rud tábhachtach, cumasaítear leis an gcur chuige sin dúinn sciar suntasach dár n-acmhainní a dhíriú ar léirithe níos tromchúisí ar éagóiritheoireacht a imscrúdú agus ar dhul i ngleic leis na léirithe sin.

## CÁS-STAIDÉAR 1

### Seoladh mícheart oifige cláraithe a úsáid.

Fuarthas gearán ó dhuine den phobal á rá go raibh cuideachta ag úsáid sheoladh cónaithe an ghearánaigh mar sheoladh oifige cláraithe don chuideachta gan cead an ghearánaigh a fháil.

Tar éis seoladh teagmhála a fháil do rúnaí na cuideachta lena mbaineann, scríobh an tÚdarás chuig an gcuideachta chun í a chur ar an eolas faoina hoibleagáidí faoi alt 50(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lena bhforáiltear don mhéid seo a leanas: *Beidh oifig chláraithe ag cuideachta sa Stát, gach tráth, a bhféadfar gach uile chumarsáid agus fógra a dhíriú chuici.*

Tar éis na hidirghabhála sin, baineadh comhlíonadh amach agus comhdaíodh seoladh nua oifige cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

## CÁS-STAIDÉAR 2

### Mainneachtain Cruinniú Ginearálta Bliantúil de chuid cuideachta a thionól.

Faoi réir eisceachtaí áirithe, ceanglaítear le dlí na gcuideachtaí go dtionólfadh cuideachta Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) de chuid na cuideachta gach bliain (gan níos mó ná 15 mhí a bheith ann idir cruinnithe). Is é is CGB ann ná cruinniú de chuid chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta, áit nach mór ráitis airgeadais agus tuarascáil iniúchóra (nuair is infheidhme) a chur faoi bhráid na gcomhaltaí/na scairshealbhóirí agus, nuair is infheidhme, a dtoghtar stiúrthóirí. Mar sin, tá sé tábhachtach go dtionólfaí na CGBnna de chuid cuideachtaí de réir mar a cheanglaítear le dlí.

Fuarthas gearán ó dhuine den phobal á líomhain gur mhainnigh cuideachta CGB a thionól agus gur fhág sé sin nár chomhdaigh sí doiciméid áirithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí in am.

Tar éis idirghabháil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, dheimhnigh an chuideachta go dtionólfaí CGB. Mar sin féin, nuair a eisíodh fógra faoin gcruinniú chuig na comhaltaí den chuideachta, níor áiríodh leis an bhfógra sin aon ráiteas lenar míníodh an ceart a bhí ag comhaltaí seachvótálaí a cheapadh ina n-áit, mar a cheanglaítear faoi alt 181(5)(d) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tar éis tuilleadh caidrimh, d'eisigh an chuideachta fógraí leasaithe lenar comhlíonadh dlí na gcuideachtaí. Mar thoradh ar idirghabháil an Údaráis, tionóladh an CGB, agus cearta chomhaltaí na cuideachta á seasamh, agus comhdaíodh na doiciméid iomchuí ina dhiaidh sin leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

## CÁS-STAIDÉAR 3

**Éilíodh díolúintí ó iniúchadh agus díolúintí grúpa go mícheart.**

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuarascáil iniúchóra maidir le cion indíotáilte, rud inar tugadh le fios gur éiligh an chuideachta díolúine ó iniúchadh go mícheart, mar aon le díolúine ó ráitis airgeadais grúpa chomhdhlúite a ullmhú do bhliain airgeadais roimhe. Leagadh amach sa tuarascáil iniúchóra freisin na bearta leigheasta a rinne stiúrthóirí na cuideachta chun an staid a réiteach, agus d'fhíoraigh an tÚdarás na bearta leigheasta sin.

Ós rud é go ndearna an chuideachta bearta riachtanacha chun a ceanglais a chomhlíonadh an athuair, eisíodh litir rabhaidh chuig an gcuideachta agus chuig a stiúrthóirí. Agus rabhadh á eisiúint aige, chuir an tÚdarás in iúl go soiléir go ndéileálfaí leis an gcuideachta ar bhealach eile dá dtarlódh an rud céanna arís.

## CÁS-STAIDÉAR 4

**Sárú ar na forálacha maidir le hiasacht a thabhairt do stiúrthóir.**

Foráiltear le dlí na gcuideachtaí do theorainneacha ar a mhéid a fhéadfaidh stiúrthóirí cuideachta airgead a fháil ar iasacht ó chuideachtaí a bhfuil siad ina stiúrthóirí orthu. Is é cuspóir na dteorainneacha sin creidiúnaithe agus scairshealbhóirí a chosaint.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuarascáil iniúchóra maidir le cion indíotáilte inar tugadh le fios gur mhó iasacht a tugadh do stiúrthóir de chuid na cuideachta ná na teorainneacha reachtúla. Fuarthas roinnt gearán ó pháirtithe eile maidir leis an tsaincheist chéanna freisin, agus suimeanna substaintiúla i gceist.

Luadh sa tuarascáil iniúchóra go ndearna an t-iniúchóir caidreamh leis an stiúrthóir iomchuí, gur aisíocadh an iasacht go páirteach, agus gur aontaigh an stiúrthóir an méid a bhí fágtha a aisíoc laistigh de chreat ama sonraithe.

D'iarr an tÚdarás fíorú neamhspleách gur réitíodh iasacht an stiúrthóra, agus fuarthas an fíorú sin ó iniúchóir na cuideachta. Deimhníodh san fhíorú neamhspleách go ndearnadh an méid a bhí gan íoc ar iasacht an stiúrthóra a aisíoc ina iomláine leis an gcuideachta.

Ar an mbonn sin, eisíodh litir rabhaidh chuig an gcuideachta agus chuig a stiúrthóirí. Agus rabhadh á eisiúint aige, chuir an tÚdarás in iúl go soiléir go ndéileálfaí leis an gcuideachta ar bhealach eile dá dtarlódh an rud céanna arís.

## CÁS-STAIDÉAR 5

**Mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú: cuideachta bainistíochta réadmhaoine.**

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar chuideachtaí tuairisceáin bhliantúla a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Is é an cuspóir atá le tuairisceán bliantúil ná faisnéis áirithe a sholáthar don phobal. Mar sin, tá tábhacht ag baint leis na hoibleagáidí atá ann tuairisceáin bhliantúla a chomhdú maidir leis an gcumas atá ag an bpobal a mheasúnú cé acu ba cheart nó nár cheart dó gnó a dhéanamh le cuideachta.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán á rá nár chomhdaigh cuideachta bainistíochta réadmhaoine a tuairisceán bliantúil. Mar sin, bhí imní ar an ngearánach lena mbaineann go bhféadfaí an chuideachta a bhaint den chlár (rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cheannach/díol réadmhaoine, i measc nithe eile).

Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an gcuideachta agus lena stiúrthóirí, chinntigh an tÚdarás gur cuireadh na comhduithe riachtanacha faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Ar an tslí sin, áirithíodh comhlíonadh an dlí, agus réitíodh ábhair imní an ghearánaigh.

## CÁS-STAIDÉAR 6

**Mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú: carthanas.**

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine den phobal á rá nár chomhdaigh carthanas cláraithe a thuairisceáin bhliantúla leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Tar éis scrúdú a dhéanamh, suíodh gurbh amhlaidh a bhí tuairisceáin an charthanais gan tabhairt. Tar éis scrúdú eile a dhéanamh, shuigh an tÚdarás nár chomhlíon suíomh Gréasáin an charthanais ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014. Rud sonrach, ceanglaítear faoi dhlí na gcuideachtaí go soláthrófaí ar shuíomh Gréasáin cuideachta mionsonraí faoi fhoirm dhlíthiúil na cuideachta, faoi uimhir chláraithe na cuideachta, agus faoi sheoladh cláraithe na cuideachta. Ceanglaítear go dtaispeánfaí an fhaisnéis sin in áit fheiceálach ar féidir teacht go héasca uirthi ar an suíomh Gréasáin.

Mar thoradh ar chaidreamh leis an Údarás, thug stiúrthóirí an charthanais a chomhduithe reachtúla cothrom le dáta, agus chuir siad an fhaisnéis riachtanach lena shuíomh Gréasáin.

## CÁS-STAIDÉAR 7

**Maoirseacht ar chur chun feidhme na dtéarmaí a bhí i bplean tarrthála SCARP.**

Tugadh le fios i dtuarascáil an chomhairleora próisis go raibh athrú le déanamh i measc stiúrthóirí na cuideachta mar chuid den phlean tarrthála. Rud sonrach, bhí stiúrthóir amháin le héirí as agus bhí stiúrthóir a n-ainmneodh an t-infheisteoir nua é nó í le háit an stiúrthóra sin a ghlacadh.

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faireachán ar chomhduithe na cuideachta agus, nuair a chonacthas nár cláraíodh aon athrú stiúrthóra leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, rinneadh teagmháil leis na stiúrthóirí agus cuireadh in iúl dóibh gur cion de chuid Earnáil 3 é mainneachtain cur chun feidhme a dhéanamh ar na forálacha de phlean tarrthála lena bhforchuirtear ceanglas ar stiúrthóirí na cuideachta.

Tar éis dara meabhrúchán a eisiúint, comhdaíodh na doiciméid riachtanacha leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, i.e., doiciméid lenar fianaíodh go ndearnadh an t-athrú riachtanach ar stiúrthóirí. Ar an tslí sin, sásaíodh ceann amháin de na téarmaí sa phlean tarrthála.

**Bearta forfheidhmiúcháin shibhialta**
Mar a thaispeántar sna cás-staidéir thuas, is féidir le cur chuige riaracháin a bheith éifeachtach maidir le comhlíonadh a áirithiú agus maidir le cearta páirtithe leasmhara a sheasamh. Mar sin féin, bíonn imthosca ann ina gcinneann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur gá na cumhachtaí sibhialta forfheidhmiúcháin atá aige a fheidhmiú. Is gnách go bhfeidhmítear na cumhachtaí sin trí ordacháin reachtúla a eisiúint chuig cuideachta agus/nó chuig a stiúrthóirí chun gníomh ar leith a dhéanamh agus, de réir mar is gá, trí imeachtaí sibhialta a thionscnamh sna cúirteanna. Tugtar sna cás-staidéir thíos roinnt samplaí ina leith sin.

## CÁS-STAIDÉAR 8

**Mainneachtain rochtain a thabhairt ar chlár comhaltaí na cuideachta.**

Foráiltear le dlí na gcuideachtaí go gceanglaítear ar gach cuideachta clár comhaltaí a choimeád agus go mbeidh an clár sin ar fáil chun a iniúchta ag aon duine ar an táille iomchuí a íoc. Is gné thábhachtach é sin de na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos le dlí na gcuideachtaí.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine den phobal á rá gur mhainnigh cuideachta iarraidh ón ngearánach clár comhaltaí na cuideachta a iniúchadh a chomhlíonadh.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhfhreagras a malartaíodh idir an gearánach agus an chuideachta, rinne an tÚdarás na nithe seo a leanas:

- éilimh reachtúla a eisiúint chuig an gcuideachta agus chuig a stiúrthóirí miontuairiscí cruinnithe áirithe a thabhairt ar aird,
- iarraidh a eisiúint á rá go gcuirfí cláir áirithe ar fáil, agus
- na stiúrthóirí a chur ar an eolas faoi na forálacha ciona iomchuí i leith mainneachtain comhlíonadh.

Tar éis caidreamh míshásúil, d’fhreastail oifigigh de chuid an Údaráis ar oifig chláraithe na cuideachta ina dhiaidh sin chun doiciméid áirithe a iniúchadh.

Mar thoradh ar idirghabháil an Údaráis, seasadh an ceart a bhí ag an ngearánach clár na gcomhaltaí a rochtain.

# CÁS-STAIDÉAR 9

**Maoirseacht ar an dóigh a raibh leachtaitheoirí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhí orthu tuairisciú don Údarás.**

**An chéad leachtaitheoir**

Corpraíodh an chuideachta atá i gceist sa bhliain 2006. Go mall sa bhliain 2015, foirceannadh le hOrdú ón Ard-Chúirt í.

Chomhdaigh an leachtaitheoir ceaptha an chéad tuarascáil faoi alt 682 uaidh i mí an Mheithimh 2016. Bunaithe ar a raibh sa tuarascáil sin, níor deonaíodh aon fhaoiseamh don leachtaitheoir. Tairgeadh an deis do na stiúrthóirí géilleadh do ghealltanais maidir le srian, ach roghnaigh siad gan freagra a thabhairt ar an tairiscint sin. Dá réir sin, cuireadh an leachtaitheoir ar an eolas faoin oibleagáid dhlíthiúil a bhí air imeachtaí sriantachta a thionscnamh in aghaidh na stiúrthóirí. D'éirigh an leachtaitheoir as, áfach, gan an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur ar an eolas faoi sin.

**An dara leachtaitheoir**

Ceapadh leachtaitheoir nua ina dhiaidh sin. Bhí oibleagáid ar an leachtaitheoir nua an chéad tuarascáil uaidh a sholáthar don Údarás laistigh de shé mhí ó dháta a cheapacháin. Beag beann ar roinnt meabhrúchán agus roinnt fógraí foirmiúla a eisiúint chuige chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, áfach, mhainnigh an leachtaitheoir an tuarascáil ba ghá a sholáthar faoin spriocdháta reachtúil.

I bhfianaise an neamhchomhlíonta, rinne an tÚdarás iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Ordú á ordú don leachtaitheoir an oibleagáid chun an tuarascáil a chomhdú a chomhlíonadh. Tar éis na himeachtaí a sheirbheáil ar an leachtaitheoir, rinne an leachtaitheoir caidreamh leis an Údarás sa deireadh agus comhdaíodh an tuarascáil a bhí gan tabhairt. Scriosadh an ní amach ansin le toiliú, agus rinneadh Ordú le haghaidh costas i bhfabhar an Údaráis.

Dá gcomhlíonfadh an leachtaitheoir na hoibleagáidí dlíthiúla a bhí air i leith an Údaráis ar an gcéad ásc, bheifí in ann an tOrdú le haghaidh costas a sheachaint. Glacann an tÚdarás cur chuige láidir i leith Orduithe le haghaidh costas a fhorchúiteamh.

### Dlíthíocht shibhialta eile a eascraíonn as feidhmeanna an Údaráis

I dteannta na dlíthíochta sibhialta a thionscnaítear chun neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú, is féidir go dtarraingeofar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach isteach i ndlíthíocht, mar shampla trí é a fhorordú nó a ainmniú mar fhógrapháirtí. Tarlaíonn sé sin, mar shampla:

- i gcás, faoi alt 747(5) d'Acht 2014, go n-iarrann páirtí eile seachas an tÚdarás go ndéanfaí Cigire arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gcúirt a cheapadh chuig cuideachta. Sa chás sin, ní mór don pháirtí sin fógra a sheoladh chuig an Údarás roimh ré á rá go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an t-iarratas sin a dhéanamh, agus
- i gcás, faoi ailt 822 agus 847 (faoi seach) d'Acht 2014, go ndéanann stiúrthóir iarratas chuig an Ard-Chúirt ar fhaoiseamh ó ordú sriantachta nó ordú dícháilíochta.

## CÁS-STAIDÉAR 10

### Iarratas ar Chigire a cheapadh chuig WFS Forestry Limited (WFS)4.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, 2014, do dhá mhodh trína bhféadfar Cigire arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gcúirt a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí cuideachta. Bhí an cás a bhain le WFS ar an gcéad chás riamh inar éist aon chúirt iarratas faoi alt 747 ó thosach feidhme Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bhain an cás le líomhain a rinne creidiúnaí á rá nár aisíocadh iasachtaí a tugadh chun gnólacht fás agus soláthar crann Nollag a fhorbairt. Ar bhonn na n-ábhar imní luaite uaidh, rinne creidiúnaí achainí chuig an gcúirt ar Chigire arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gcúirt a cheapadh chuig an gcuideachta. Chuir an chuideachta in aghaidh an iarratais. Tugadh fógra don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus don Roinn Dlí agus Cirt faoi seach faoi dhéanamh an iarratais, agus rinne an dá cheann díobh aighneachtaí chuig an gCúirt le linn na héisteachta.

Mar fhógrapháirtí, ba é an príomhról a bhí ag an Údarás ná cúnamh a thabhairt don chúirt. Sa chomhthéacs sin, ghlac an tÚdarás seasamh a bhí neodrach go foirmiúil i leith an iarratais. Mar sin féin, chuir sé an tuairim seo a leanas in iúl:
ba chosúil go raibh an chuideachta dócmhainneach go huile is go hiomlán, dá réir sin, d'fhéadfadh leachtú a bheith ar an leigheas is cuí,
is beag cumhacht atá ar fáil do Chigire nach bhfuil ar fáil freisin do leachtaitheoir nó nach bhféadfadh aon chúirt a fheidhmiú, agus
dá gceapfaí leachtaitheoir, bheadh oibleagáid ar an leachtaitheoir tuairisc a thabhairt don Údarás (mar atá mionsonraithe in áit eile atá istigh anseo).

Agus í ag ordú go gceapfaí Cigire, bhreithnigh an chúirt an tairseach fhianaiseach iomchuí, cineál leas an phobail san iarratas, agus an fíoras nach ndearna aon pháirtí achainí ar an gcuideachta a fhoirceannadh.

In éisteacht ina dhiaidh sin i mí na Bealtaine 2023, bhreithnigh an Ard-Chúirt an athuair cé acu ba cheart nó nár cheart WFS a fhoirceannadh ar an rún uaithi féin nó ar shlí eile agus cé acu ba cheart nó nár cheart leachtú agus an Chigireacht a chur i gcrích in éineacht le chéile. D'ordaigh an chúirt don Chigire tuarascáil eatramhach bhreise a sholáthar chun cabhrú léi an cinneadh sin a dhéanamh. Tá an Chigireacht fós ar siúl agus é seo á scríobh.

4. WFS Forestry Limited agus Alt 747 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 [2022] IEHC 512 agus [2023] IEHC 258.

# CÁS-STAIDÉAR 11

## Iarratas ar fhaoiseamh ó dhícháiliú:

## SB Steel Limited, Maurice Elliot Sherling, agus Graham Charles Hudson.

Mar chuid de na hoibleagáidí trédhearcachta atá orthu, ceanglaítear ar stiúrthóirí cuideachta ar dícháilíodh iad i ndlínse eile fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (agus, ar an tslí sin, don phobal) faoi sin trí dhearbhú a chomhdú chuige sin. Ní dhícháilíonn an Oifig um Chlárú Cuideachtaí an stiúrthóir in Éirinn nuair a dhéanann sé nó sí comhdú den sórt sin. Mar sin féin, is é an toradh a bheidh ar mhainneachtain an comhdú sin a dhéanamh ná go measfar an stiúrthóir, trí fheidhmiú an dlí, a bheith dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta in Éirinn.

Bhí an tUas. Sherling agus an tUas. Hudson ina stiúrthóirí ar chuideachtaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon, agus ghéill siad do ghealltanais maidir le dícháiliú ar thairg Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe iad i leith sáruithe ar dhlí iomaíochta na Ríochta Aontaithe. Mhainnigh a gcuideachta na dearbhuithe iomchuí a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus, dá dheasca sin, measadh na stiúrthóirí a bheith dícháilithe sa deireadh in Éirinn. D'iarr siad faoiseamh ón Ard-Chúirt ina dhiaidh sin.

I mbreithiúnas fairsing[5] uaithi, bhreithnigh an Chúirt an scéim reachtach iomchuí, agus chuir sí béim ar a thábhachtaí atá an córas dícháilíochta agus ar an bhfíoras nár cheart an córas sin a lagú trí iarratais a dheonú go réidh. Sa bhreithiúnas uaithi, phléigh an Chúirt go fairsing[6] freisin leis an gcur chuige a ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (mar Fhógraphláirtí sna himeachtaí) agus dearbhú leordhóthanach á fháil aige maidir leis na cuideachtaí ar ina leith a bhí faoiseamh á iarraidh. Áiríodh leis sin cláir fhairsinge oiliúna, mar aon le fianaise ar cheapadh stiúrthóirí arna gceapadh chun críocha dearbhaithe agus ar leibhéil réamh-mheasta fostaíochta na stiúrthóirí sin. Mar thoradh ar na bearta a rinne an tÚdarás chun dearbhú a fháil ar chomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí agus an dlí iomaíochta sa todhchaí, fuarthas sa deireadh dearbhuithe ar mheas an Chúirt iad a bheith 'cuimsitheach agus iontach'.

Tugtar leis an mbreithiúnas sin treoir údarásach maidir leis an leibhéal dearbhaithe ba ghá a thabhairt os comhair cúirte sula ndéanfadh an tÚdarás breithniú ar sheasamh neodrach a ghlacadh i leith iarratais den sórt sin sa todhchaí.

5. [2022] IEHC 513.
6. Ag míreanna 89-95 den bhreithiúnas.

# CÁS-STAIDÉAR 12

## Iarratas ar fhaoiseamh ó shrian:

## Murraywalsh Limited, an tUas. Ross Murray, agus an tUas. Keith Walsh.

Thrádáil Murraywalsh Limited san earnáil fáilteachais, agus bhí beirt stiúrthóirí aige, mar atá an tUas. Ross Murray, agus an tUas. Keith Walsh. Cheap an Ard-Chúirt leachtaitheoir chuig an gcuideachta tar éis achainí ó chreidiúnaí.

Ba chosúil go raibh an chuideachta ar cheann amháin de roinnt cuideachtaí a raibh baint acu leis an trádáil cheadúnaithe a bhí faoi úinéireacht nó faoi rialú ag na stiúrthóirí agus/nó ag daoine a bhí bainteach leo. Tugadh le fios sna cuntais a comhdaíodh don chuideachta gur chuideachta bhrabúsach í.

D'aistrigh an chuideachta a trádáil chuig cuideachta bhainteach, lenar áiríodh na sócmhainní agus na dliteanais uile, seachas dámhachtainí teagmhasacha díobhála pearsanta. Léiríodh i sceideal de na sócmhainní agus na dliteanais a aistríodh gurbh ionann glanbharrachas na sócmhainní thar dhliteanais agus €332,000. Ba chosúil gur aistríodh freisin an léas don áitreabh. Ina theannta sin, thug na stiúrthóirí le fios don leachtaitheoir go raibh an t-áitreabh faoi úinéireacht ag 'páirtí neamhbhainteach', cé gurbh amhlaidh a bhí sé faoi úinéireacht ag páirtí gaolmhar.

Ní raibh an Ráiteas maidir le Cúrsaí a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte mionnaithe ná sínithe. Bhí sé neamhiomlán freisin, sa mhéid nach raibh dámhachtainí a rinneadh in aghaidh na cuideachta i leith éilimh dhíobhála pearsanta ar áireamh ann. Ba chosúil nár chosain an chuideachta í féin ag na himeachtaí díobhála pearsanta agus nach ndearnadh aon ionadaíocht di nuair a éisteadh na caingne. Nuair nár chosain siad an chuideachta sna cásanna sin chun tairbhe don chuideachta agus dá creidiúnaithe, chuir na stiúrthóirí staid airgeadais na cuideachta i mbaol.

Ba chosúil go ndearna na stiúrthóirí iarracht an gnólacht a athstruchtúrú chun an breithiúnas i leith na n-éileamh díobhála pearsanta a chur ó rath. Nuair a d'aontaigh siad sócmhainní na cuideachta a aistriú chuig cuideachta bhainteach gan aon íocaíocht ná gan aon ráthaíocht íocaíochta a fháil, thug na stiúrthóirí tús áite do leasanna na cuideachta comhlachaithe seachas do leasanna chreidiúnaithe na cuideachta.

Cé gur iarr an leachtaitheoir faoiseamh iomlán ar dtús ón oibleagáid imeachtaí sriantachta a thionscnamh in aghaidh na stiúrthóirí, tharla sé, tar éis caidreamh mionsonraithe, gur eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach breith á rá nach ndeonófaí aon fhaoiseamh. Cé gur thairg an tÚdarás gealltanais maidir le srian don bheirt stiúrthóirí, roghnaigh an bheirt acu gan glacadh leis an tairiscint sin.

Ar ordachán ón Údarás, agus ar iarratas ón leachtaitheoir, chinn an Ard-Chúirt gur léirigh na stiúrthóirí easpa freagrachta ach nach raibh sé ar intinn acu gníomhú go mímhacánta. Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ordú an 12 Iúil 2022 lenar cuireadh srian ar na stiúrthóirí ar feadh tréimhse cúig bliana. Cuireadh bac ar an Ordú ar feadh sé mhí chun deis a thabhairt do na stiúrthóirí achomharc a dhéanamh. Ní dhearnadh aon achomharc in aghaidh an Ordaithe sin.

I mí na Samhna 2022, i.e., dhá mhí sula dtiocfadh an tOrdú i bhfeidhm, thionscain na stiúrthóirí rún, iar bhfógra chuig an Údarás, lenar iarradh faoiseamh ó shrian. Dhiúltaigh an tÚdarás don iarratas sin ar an mbonn gur leigheas eisceachtúil é faoiseamh ó shrian agus gur tharla sé, mar gheall ar an mbac a cuireadh ar an Ordú, nár fhulaing na stiúrthóirí na hiarmhairtí a bhaineann lena bheith faoi réir Ordú sriantachta go fóill.

Tar éis dóibh caidreamh fairsing a dhéanamh leis an Údarás agus láithriú os comhair na hArd-Chúirte roinnt uaireanta, tharraing na stiúrthóirí a n-iarratas ar fhaoiseamh ó shrian siar.

## Bearta forfheidhmiúcháin choiriúil

### Comhthéacs

Is ann do chásanna nach mbeidh cur chuige riaracháin ná cur chuige forfheidhmiúcháin shibhialta ina fhreagairt chomhréireach iontu. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a thugann na léirithe ar éagóiritheoireacht le tuiscint go bhfuil gníomhaíocht ar siúl a d'fhéadfadh a bheith ina cion coiriúil faoi dhlí na gcuideachtaí.

Áirítear le dlí na gcuideachtaí roinnt mhaith forálacha ciona, áit a bhféadfar cionta a thriail go hachomair (i.e., sa Chúirt Dúiche), ar díotáil (i.e., sa Chúirt Chuarda), nó i gceachtar cúirt (i.e., cionta hibrideacha).

Cumhdaíodh leis na himscrúduithe a ghabh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de láimh le linn na mblianta 2022 agus 2023 leithead iomlán dhlí na gcuideachtaí, lenar áiríodh, mar shampla, saincheisteanna a bhain leis na nithe líomhnaithe seo a leanas:

- faisnéis bhréagach a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí,
- pearsanú iniúchóirí ag daoine nach raibh cáilithe/údaraithe amhlaidh,
- leabhair agus taifid cuideachtaí a bheith neamhleor,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir le linn dó nó di a bheith ina fhéimheach neamhurscaoilte nó ina féimheach neamhurscaoilte,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith srianta agus de shárú ar cheanglais chaipitil iomchuí,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith dícháilithe, agus
- trádáil chalaoiseach.

Sainaithníodh freisin i ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin an Údaráis léirithe ar chineálacha eile coiriúlachta féideartha, amhail gadaíocht, meabhlaireacht, agus sciúradh airgid.

### Acmhainní Imscrúdúcháin

Mar atá mionsonraithe níos luaithe atá istigh anseo, áirítear le hoifigigh an Údaráis sibhialtaigh agus comhaltaí den Gharda Síochána araon. Tá ár gcohórt sibhialtach comhdhéanta de ghairmithe cuntasaíochta agus dlí agus de shaineolaithe fóiréinsice digití, i measc daoine eile. Áirítear na nithe seo a leanas leis na cumhachtaí suntasacha imscrúdúcháin atá ag an Údarás:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus
- an ceart chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a cheadú, mar shampla Cigirí atá ceaptha ag an gcúirt.

Ina theannta sin, maidir le hoifigigh de chuid an Údaráis ar comhaltaí den Gharda Síochána iad freisin:

- tá cumhachtaí gabhála acu, agus
- féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna ar bharántais chuardaigh agus ar orduithe eile faoi fhorálacha nach forálacha de dhlí na gcuideachtaí iad.

### Cumhachtaí imscrúdúcháin a feidhmíodh le linn na tréimhse faoi athbhreithniú

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne oifigigh de chuid an Údaráis na cumhachtaí imscrúdúcháin seo a leanas a fheidhmiú agus na bearta gaolmhara seo a leanas a chur i gcrích chun imscrúduithe a chur chun cinn:

- 107 n-ordú cúirte a fháil agus a fhorghníomhú (mar shampla, orduithe lenar cuireadh iallach doiciméid a thabhairt ar aird),
- cúig bharántas lenar údaraíodh cuardaigh a fháil agus a fhorghníomhú,
- 213 ráiteas a thógáil ó fhinnéithe,
- naoi n-agallamh dheonacha rabhaidh a sheoladh, agus
- 12 ghabháil a dhéanamh.

D'urghabh oifigigh de chuid an Údaráis ríomhairí glúine, gléasanna stórála digití, agus gléasanna móibíleacha freisin. I dteannta na ngléasanna sin, chruthaigh comhaltaí den Stiúrthóireacht um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht laistigh den Údarás íomhánna fóiréinseacha ar leith de shonraí a aimsíodh ag áitribh a bhí á gcuardach faoi bharántas, agus urghabhadh iad sin freisin. Cuireadh breis agus 4.1 milliún comhad san iomlán ar fáil d'oifigigh de chuid an Údaráis lena n-athbhreithniú acu mar chuid dá n-imscrúduithe.

### Dlíthíocht shibhialta ghaolmhar

Is féidir le dlíthíocht shibhialta ghaolmhar teacht as imscrúduithe coiriúla, mar shampla dlíthíocht a bhaineann le hagóidí in aghaidh úsáid a bhaint as cumhachtaí, pribhléid dhlíthiúil, etc. Tháinig dlíthíocht den sórt sin chun cinn le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

# CÁS-STAIDÉAR 13

## Cumann Sacair na hÉireann (FAI)/An tUas. John Delaney.

I mí Feabhra 2020, urghabhadh ábhar áirithe faoi bharántas, lenar áiríodh doiciméid chruachóipe agus a raibh i bhfillteán ríomhphoist a bhain leis an Uas. John Delaney, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FAI. De bhun an cheanglais atá ann déanamh amhlaidh i gcás go bhfuil ábhar a d'fhéadfadh a bheith faoi phribhléid dhlíthiúil i gceist, rinneadh iarratas chuig an Ard-Chúirt laistigh de sheachtain amháin ó urghabhadh an t-ábhar. Ba é cuspóir an iarratais sin ná iarraidh ar an gcúirt, mar a cheanglaítear leis an Acht, cinneadh a dhéanamh ar ábhar ar éilíodh pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil ina leith.

Tar éis an t-iarratas a dhéanamh, rinneadh caidreamh fairsing leis na hionadaithe dlíthiúla do FAI agus don Uas. Delaney araon (áit arbh é FAI an Freagróir sna himeachtaí agus ar ceanglaíodh an tUas. Delaney leis na himeachtaí láithreach mar Fhógrapháirtí).

I dteannta na pribhléide gairmiúla dlíthiúla a éilíodh, rinne an tUas. Delaney dearbhuithe maidir le príobháideacht i leith codanna áirithe den ábhar a urghabhadh. I mí an Mheithimh 2020, agus tar éis caidreamh fairsing, cheadaigh an Ard-Chúirt straitéis chun cearta príobháideachta agus pribhléide a scrúdú. Tar éis an straitéis sin a cheadú, rinneadh scrúdú agus measúnú tosaigh ar an gcomhad ríomhphoist, ina raibh 675,240 comhad. Tar éis míreanna dúblacha agus neamhábhartha a bhaint, laghdaíodh an tacar sonraí a bhí fágtha go 285,028 gcomhad.

Bhí roinnt éisteachtaí cúirte i gceist leis an bpróiseas, agus an tacar sonraí á laghdú arís eile dá mbarr. Tar éis ordachán eile ón gCúirt, d'fhreastail aturnae an Uas. Delaney ar oifigí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach thar thréimhse roinnt míonna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar a d'fhéadfadh a bheith faoi phribhléid agus príobháideach, de réir treoracha ón Uas. Delaney agus de réir ordacháin ón gcúirt.

Rinne ionadaithe dlíthiúla FAI athbhreithniú den chineál céanna (arbh athbhreithniú i bhfad níos lú é) i gcomhthráth leis an athbhreithniú réamhluaite agus, faoi mhí Eanáir 2021, laghdaíodh an t-ábhar iomchuí a bhí fágtha go 3,818 dtaifead san iomlán (1,013 cinn a bhaineann le FAI agus 2,805 cinn a bhaineann leis an Uas. Delaney). Cheap an Ard-Chúirt beirt abhcóidí neamhspleácha (na hAthbhreithneoirí Neamhspleácha) ina dhiaidh sin chun an t-ábhar a bhí fágtha a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh don chúirt ina leith, i.e., cé acu a bhí nó nach raibh an t-ábhar a bhí i gceist ina ábhar d'éileamh bailí ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

Gné neamhghnách d'iarratais alt 795, i gcodarsnacht le hiarratais ar fhollasú, is ea nach bhfuil aon rochtain ag imscrúdaitheoirí ar na taifid atá i gceist (i.e., seachas meiteashonraí áirithe). Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, agus ar thosca iomchuí eile, rinneadh aighneachtaí fairsinge maidir leis na moltaí ó na hAthbhreithneoirí Neamhspleácha á rá go raibh taifid áirithe ina n-ábhar d'éilimh bhailí ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil. Mar thoradh air sin, d'ordaigh an Ard-Chúirt don Uas. Delaney bunús a thabhairt leis na héilimh uaidh ar phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil trí na dearbhuithe uaidh a shonrú ar roinnt foras sonrach trí mhionnscríbhinn.

Éisteadh an cás substainteach i samhradh na bliana 2022 agus, i mbreithiúnas dar dáta an 21 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Ard-Chúirt gurbh amhlaidh, i leith gach ceann den 2,805 thaifead a bhí fágtha, gur mhainnigh an tUas. Delaney bunús a thabhairt leis na dearbhuithe uaidh ar phribhléid. Ar an mbonn sin, dámhadh a chostais don Údarás i ndáil leis na himeachtaí Ard-Chúirte (ach amháin i gcás gné amháin den chás nár iarradh aon ordú ina leith).

Rinne an tUas. Delaney achomharc in aghaidh na breithe sin chuig an gCúirt Achomhairc agus, i mbreithiúnas dar dáta an 25 Meán Fómhair 2023, dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc don achomharc, agus í ag seasamh leis an mbreith ón Ard-Chúirt i bhfabhar an Údaráis. Rinne an Chúirt sin Ordú le haghaidh costas i bhfabhar an Údaráis.

D'iarr an tUas. Delaney cead chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach in aghaidh na breithe ón gCúirt Achomhairc. I mí Eanáir 2024, áfach, d'eisigh an Chúirt Uachtarach an cinneadh uaithi diúltú do chead a thabhairt. Ba leis an mbreith ón gCúirt Uachtarach a críochnaíodh próiseas a mhair thart ar cheithre bliana, ar phróiseas é inar cinneadh sa deireadh nach raibh aon bhunús leis na dearbhuithe a rinne an tUas. Delaney ar phribhléid i leith beagnach 3,000 taifead.

Is é atá sna breithiúnais ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Achomhairc faoi seach ná ráitis thábhachtacha phrionsabail maidir leis an ualach atá ar aon pháirtí atá ag dearbhú pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil faoi alt 795 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, bunús iomlán a thabhairt leis na dearbhuithe uaidh nó uaithi, seachas faisnéis lánchineálach nó neamhiomlán a thabhairt chun tacú leis na hiarratais uaidh nó uaithi.

# CÁS-STAIDÉAR 14

## Cuntais bhainc a srianadh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010.

Toradh eile a bhíonn ar imscrúduithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach is ea cásanna ina bhfeidhmíonn oifigigh de chuid an Údaráis ar comhaltaí den Gharda Síochána iad freisin cumhachtaí is iomchuí maidir leis na nithe atá á n-imscrúdú.

De bhun imscrúdú ón Údarás ina raibh cionta amhrasta faoi dhlí na gcuideachtaí agus cionta amhrasta sciúrtha airgid i measc na nithe a bhí á n-imscrúdú, rinneadh iarratas chuig an gCúirt Dúiche ar chuntais bhainc ina raibh na céadta míle euro a shrianadh ionas go bhféadfadh an t-imscrúdú leanúint ar aghaidh gan aon bhaol a bheith ann go gcaithfí an t-airgead a bhí i gceist.

## Ionchúisimh agus achomhairc

Cé go bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ionchúisimh achoimre a thionscnamh ina ainm féin (i.e., os comhair na Cúirte Dúiche), is amhlaidh a dhéantar comhaid imscrúdúcháin ina dtugtar le tuiscint go ndearnadh sáruithe tromchúiseacha ar dhlí na gcuideachtaí a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aici maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil (i.e., os comhair na Cúirte Cuarda). Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, thionscain an tÚdarás ionchúiseamh achomair amháin agus, mar gheall ar iad a bheith de chineál tromchúiseach, tharchuir sé 12 chomhad imscrúdúcháin chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cé go bhfuil sé míchuí déanamh amhlaidh, tá claonadh ann feidhmíocht eagraíochta a mheas bunaithe ar an líon ciontuithe coiriúla a rinneadh in aon tréimhse ar leith. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, atá neamhspleách ar an Údarás, atá sé a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, cé acu ba cheart nó nár cheart ionchúisimh indíotáilte a thionscnamh i leith aon ní ar leith. A luaithe a ordaítear cúisimh, is chuig na cúirteanna a aistrítear an ní. Ina dhiaidh sin, ní bhíonn aon smacht ar bith ag an Údarás ar cá fhad a mhairfidh an próiseas ná, go háirithe, ar cén uair a thosófar aon triail. Uaireanta, téann méid mór ama thart idir an tráth a ordaítear cúisimh agus an tráth a bhaintear an toradh deiridh amach.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, ciontaíodh beirt aonair i gcionta coiriúla:

Phléadáil an tUas. Robert Browne ciontach i scór amháin d'Fhaisnéis Bhréagach a Sholáthar contrártha d'alt 876 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Bhain an cion le húsáid neamhúdaraithe neamhdhleathach a bhaint as Uimhir Chláraithe Iniúchóra agus tuairisceáin bhliantúla á gcur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. I mí na Nollag 2022, gearradh téarma príosúnachta dhá bhliain ar an Uas. Browne. Bhí an phianbhreith sin ar fionraí go hiomlán ar choinníoll go n-íocfadh sé cúiteamh laistigh de shé mhí leis na cliaint a ndearnadh difear dóibh. Chomhlíon sé an coinníoll sin ina dhiaidh sin. Dícháilíodh é freisin ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana.

Phléadáil Patricia Kelly Uas., a ghníomhaigh mar Stiúrthóir agus mar Rúnaí Cuideachta ar Console Suicide Bereavement Counselling Limited (Console), ciontach i gcion contrártha d'alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, mar gheall ar mhainneachtain leabhair chuntais chuí a choimeád. Rinneadh an cion thar thréimhse ab fhaide ná ocht mbliana idir an 6 Nollaig 2006 agus an 31 Bealtaine 2015. I mí Feabhra 2024, forchuireadh fíneáil i suim €1,500 uirthi agus dícháilíodh í ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana.

# CÁS-STAIDÉAR 15

**Athbhreithniú ar phianbhreith a gearradh ar an Uas. Pearse O'Connor.**

Tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa bhliain 2018 go gcúiseofaí an tUas. Pearse O'Connor i scór amháin de thrádáil chalaoiseach agus in ocht scór d'ionstraim bhréagach a úsáid contrártha d'alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Phléadáil an tUas. O'Connor ciontach i mí Aibreáin 2021.

I mí Eanáir 2022, ghearr an Chúirt Chuarda téarma príosúnachta cúig bliana, agus é ar fionraí go hiomlán, i leith an chiontaithe i dtrádáil chalaoiseach agus i leith scór amháin d'ionstraim bhréagach a úsáid. Ghearr sí freisin téarma príosúnachta ceithre bliana, agus é ar fionraí go hiomlán freisin, i leith ceithre cinn de na scóir d'ionstraim bhréagach a úsáid. Bhí an dá phianbhreith sin le bheith comhthráthach le chéile. Cuireadh na scóir eile san áireamh.

Ós rud é gur baineadh thart ar €370,000 den pháirtí díobháilte le calaois, d'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú ina dhiaidh sin ar an bpianbhreith thuas mar gheall ar í a bheith róthrócaireach. Thacaigh an tÚdarás go hiomlán leis an iarraidh sin.

Thug an Chúirt Achomhairc an breithiúnas uaithi i mí na Nollag 2023. I dtuairim na Cúirte, bhí an téarma príosúnachta cúig bliana ceart mar phointe tosaithe, ach, chun an phianbhreith a chur ar fionraí go páirteach, bheadh sé ní ba chuí ceanglas a chur ar an duine ciontaithe téarma príosúnachta 18 mí nó dhá bhliain a chur isteach ar dtús. Agus breithiúnas á thabhairt aige don Chúirt, dúirt an tUachtarán Birmingham:

*"… ciontú an-tromchúiseach ba ea é seo. Bhí méid an-suntasach airgid, €370,000, i gceist leis. Níorbh eachtra aonuaire é an ciontú, agus rinneadh é thar thréimhse roinnt míonna … bhí réamhphleanáil agus staidéar ina ngnéithe den chás…*

*Feictear dúinne go raibh an ciontú sa chás seo chomh tromchúiseach sin gur léir gur sáraíodh an tairseach ó thaobh pianbhreithe coimeádta de agus nach bhféadfaí aon phianbhreith eile a bhreithniú. Inár dtuairim, ní hé amháin go raibh pianbhreith a bhí ar fionraí go hiomlán an-trócaireach, ach b'amhlaidh a bhí sí róthrócaireach freisin."*

Beag beann air sin, níor chuir an Chúirt Achomhairc an phianbhreith a bhí ar fionraí go hiomlán ar ceal. Mar sin féin, dhícháiligh an Chúirt Chuarda an cosantóir ó ghníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí cuideachta ar feadh an tsaoil.

Cé go raibh díomá air nár gearradh aon phianbhreith choimeádta mar gheall ar thromchúis an chiontaithe, cuireann an tÚdarás fáilte mhór roimh an ráiteas láidir ón gCúirt Achomhairc á rá go bhfuil údar ann le pianbhreitheanna coimeádta i gcásanna réamhbheartaithe trádála calaoisí.

# 3. Cuntasacht aonair a chinntiú

## Comhthéacs

Cé gur eintitis dhlítheanacha as a gceart féin iad, tá cuideachtaí ina rudaí neamhbheo. Faoi dhlí na gcuideachtaí, mar sin, is faoi stiúrthóirí cuideachta atá sé, den chuid is mó, a chinntiú go gcomhlíonann cuideachtaí dlí na gcuideachtaí. Ina theannta sin, tá stiúrthóirí cuideachta freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann siad féin na dualgais agus na hoibleagáidí a chuirtear orthu le dlí na gcuideachtaí. Mar atá mionsonraithe in áit eile atá istigh anseo, baineann na dualgais agus na hoibleagáidí sin le trédhearcacht agus le cosaint comhaltaí/scairshealbhóirí agus creidiúnaithe, i measc nithe eile.

Ar na cúiseanna sin, agus cé go dtionscnóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh cuideachtaí de réir mar a mheastar a bheith riachtanach nó cuí, is go príomha ar dhaoine aonair a dhíríonn ár ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin. Tá tábhacht ag baint leis an gcuntasacht aonair sin maidir le sláine dhlí na gcuideachtaí a chothabháil, maidir leis an bpobal a chosaint, agus maidir le héagóiritheoireacht amach anseo a dhíspreagadh.

## Cineál an ghnímh forfheidhmiúcháin i leith daoine aonair

Tríd is tríd, is féidir cineál an ghnímh forfheidhmiúcháin a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i leith daoine aonair faoi dhlí na gcuideachtaí a aicmiú mar ghníomh a eascraíonn as na nithe seo a leanas:

- maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin, agus
- forfheidhmiú a eascraíonn trí bhealaí eile.

## Maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin

### Srianta agus dícháilithe a eascraíonn as tuarascálacha leachtaitheoirí

Faoi dhlí na gcuideachtaí, nuair a théann cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, toimhdítear gur ghníomhaigh stiúrthóirí na cuideachta go mímhacánta agus go mífhreagrach, i.e., is faoi na stiúrthóirí cuideachta atá sé a léiriú sna himthosca sin gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach.

Forfheidhmítear an méid roimhe seo trí chreat reachtúil, ar faoina bhun a oibríonn leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi mhaoirseacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Rud sonrach, ceanglaítear ar leachtaitheoir gach cuideachta dócmhainní imscrúdú a dhéanamh ar na himthosca a bhí taobh thiar den dócmhainneacht agus na conclúidí uaidh nó uaithi ina leith sin a thuairisciú don Údarás, lena n-áirítear i leith iompar na stiúrthóirí. Is faoin Údarás a bhíonn sé ansin teacht ar thuairim ar cé acu, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don chásdlí iomchuí, a ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh na stiúrthóirí go macánta agus go freagrach.

I gcás go dtagann an tÚdarás ar an tuairim go bhfuil cás le freagairt ag na stiúrthóirí, mar atá mionsonraithe in áit eile sa tuarascáil seo:


- tairgfear an deis do stiúrthóirí iomchuí géilleadh do ghealltanas, arb é is éifeacht dó go dtiocfaidh siad chun bheith srianta,
- beidh na stiúrthóirí sin ar tairgeadh gealltanas dóibh, ach a roghnaigh gan glacadh leis, ina n-ábhar d'iarratas ar shrian a dhéanfaidh an leachtaitheoir ar ordachán ón Údarás,
- i gcásanna tromchúiseacha, féadfar an deis a thairiscint don stiúrthóir géilleadh do ghealltanas maidir le dícháiliú, arb é is éifeacht dó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe, nó
- beidh na stiúrthóirí sin ar tairgeadh gealltanas maidir le dícháiliú dóibh, ach a roghnaigh gan glacadh leis, agus na stiúrthóirí sin a raibh a n-iompraíocht de chineál a fhágann go bhfuil sé míchuí gealltanas maidir le dícháiliú a thairiscint dóibh, ina n-ábhar d'iarratas ar dhícháiliú ón Údarás chuig an Ard-Chúirt.

I gcás, trí na próisis réamhluaite, go sainaithníonn an tÚdarás saincheisteanna a thugann le tuiscint go ndearnadh éagóiritheoireacht choiriúil, tarchuirfear na nithe iomchuí ar bhonn inmheánach chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le himscrúdú coiriúil.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, srianadh 68 stiúrthóir san iomlán de bhun athbhreithniú ón Údarás ar thuarascálacha leachtaitheoirí.

**FÍOR 21**


## Srianadh Stiúrthóirí Iúil 2022 - Nollaig 2023




Tháinig laghdú suntasach ar an líon stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a srianadh thar na cúig bliana seo a chuaigh thart. Is féidir é sin a chur síos do roinnt tosca, lenar áiríodh an laghdú ar an líon cuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach le blianta beaga anuas agus an laghdú iarmhartach ar an líon tuarascálacha a fuair an tÚdarás. Tá an líon leachtuithe dócmhainneacha ag méadú arís, agus níl aon amhras ann ach go mbeidh méadú iarmhartach ann ar an líon stiúrthóirí a shrianfar dá dheasca sin.

**FÍOR 22**


## Srianadh Stiúrthóirí 2019-2023



Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, dícháilíodh 17 stiúrthóir san iomlán de bhun athbhreithniú ón Údarás ar thuarascálacha leachtaitheoirí.

**FÍOR 23**

Dícháiliú Stiúrthóirí, Iúil 2022-Nollaig 2023




- **71%** Le Gealltanas
- **29%** Ag an gCúirt

I gcodarsnacht leis an líon stiúrthóirí srianta, is gan athrú thar na cúig bliana seo a chuaigh thart, tríd is tríd, atá an líon stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a dícháilíodh. Ós rud é gur tromaí an t-iompar a thugann údar le dícháiliú ná é sin a thugann údar le srianadh, is annamh a dhícháilítear stiúrthóirí ar chuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach, i gcomhthéacs na leibhéal foriomlán dócmhainneachta.

# CÁS-STAIDÉAR 16

**Dícháiliú stiúrthóra.**

Thrádáil Fast Shipping Ireland Limited ar feadh 27 mbliana san earnáil stórasaithe/iompair lasta. Bhí beirt stiúrthóirí aige tráth an leachtaithe, mar atá an tUas. Simon Mulvany agus an tUas. Yvan Vlaminckx. Leachtaíodh an chuideachta de bhun achainí ón Uas. Vlaminckx chuig an Ard-Chúirt, ar an bhforas nach raibh an chuideachta in ann a fiacha a íoc.

Cinneadh gur mhainnigh an tUas. Mulvany leabhair agus taifid chuí a choimeád don chuideachta agus gur chúbláil sé na hiontrálacha chun an chuma a chur ar an scéal go raibh an chuideachta sócmhainneach nuair nach mar sin a bhí. Dá bhrí sin, lean sé le trádáil agus é ar eolas go raibh an chuideachta dócmhainneach. Cinneadh freisin gur athraigh sé iontrálacha ar ráitis bhainc na cuideachta chun íocaíochtaí calaoiseacha agus fáltais chalaoiseacha a cheilt. Thóg an tUas. Mulvany iasachtaí dar luach níos mó ná €600,000 amach ón gcuideachta trí shonraisc agus leabhair na cuideachta a fhalsú. Ní raibh an tUas. Vlaminckx ar an eolas faoi na hiasachtaí sin. Dhíol an tUas. Mulvany innealra dar luach €750,000 ansin, innealra ar le tríú páirtí é. Falsaíodh sonraisc agus iontrálacha cuntas an athuair. D'úsáid an tUas. Mulvany €250,000 eile chun críocha pearsanta.

Choimisiúnaigh an tUas. Vlaminckx imscrúdú fóiréinseach ar ghníomhartha an Uas. Mulvany, thionscain sé an achainí foirceanta, agus cinneadh nach raibh aon ról aige sna himeachtaí calaoiseacha. Ar an mbonn gur cinneadh gur ghníomhaigh an tUas. Vlaminckx go macánta agus go freagrach, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoiseamh don leachtaitheoir ina leith.

Níor tugadh aon fhaoiseamh i leith an Uas. Mulvany, agus thionscain an leachtaitheoir imeachtaí dícháilíochta ina aghaidh san Ard-Chúirt. Dícháilíodh an tUas. Mulvany ar feadh sé bliana.

**Dícháilithe a eascraíonn as cásanna ina mbaintear cuideachtaí dócmhainneacha den chlár de dheasca neamhghníomh stiúrthóirí**

I gcás go roghnaíonn na stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha gan cúrsaí na gcuideachtaí sin a fhoirceannadh ar mhodh ordúil agus, ina ionad sin, go roghnaíonn siad na cuideachtaí sin a thréigean agus ligean dóibh dul i léig cheal airde, feidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach córas feidhmiúcháin ar faoina bhun a fhéadfar stiúrthóirí ar chuideachtaí den sórt sin a dhícháiliú – cibé acu de bhun gealltanais nó, más rud é go dtairgtear gealltanas agus nach nglactar leis, mar thoradh ar imeachtaí san Ard-Chúirt. Tá an próiseas lena mbaineann leagtha amach sa léaráid thíos.

## An próiseas forfheidhmiúcháin i leith stiúrthóirí ar chuideachtaí a baineadh go hainneonach den chlár



Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, dícháilíodh deichniúr stiúrthóirí san iomlán de bhun gealltanais maidir le dícháiliú ar thairg an tÚdarás iad toisc gur baineadh cuideachtaí na stiúrthóirí sin go hainneonach den chlár de dheasca neamhghníomh stiúrthóirí.


**FÍOR 24**

## Gealltanais maidir le Dícháiliú a Tairgeadh i ndáil le Cuideachtaí a Baineadh go hAinneonach den Chlár




**FÍOR 25**

## Cuideachtaí a Baineadh go hAinneonach den Chlár: Torthaí Forfheidhmiúcháin




Mar gheall ar an sos a cuireadh ar an gclár um chuideachtaí a bhaint den chlár atá ar bun ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ar shos é ba ghá a chur i bhfeidhm de dheasca phaindéim Covid-19, tháinig laghdú ar ghníomhaíocht an Údaráis i ndáil le stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha díscaoilte. Mar thoradh ar an gclár sin a atosú le déanaí, áfach, d'fhéadfadh go mbainfí den chlár anois a lán cuideachtaí a mhainnigh a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Mar thoradh air sin, rachaidh na stiúrthóirí ar an-chuid de na cuideachtaí sin faoi ghrinnscrúdú ag an Údarás.

Tá dhá rogha ar fáil do stiúrthóirí ar chuideachtaí atá bainte den chlár a scrúdaítear faoin gclár forfheidhmiúcháin seo:

- bearta a dhéanamh chun an chuideachta a chur ar ais ar an gClár, nó
- iad féin a chur faoi réir dícháiliú ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad. Féadfar an stiúrthóir a dhícháiliú le gealltanas nó, má roghnaíonn an stiúrthóir gan glacadh le gealltanas, féadfaidh an Ard-Chúirt an stiúrthóir a dhícháiliú de bhun iarratas ón Údarás.

# CÁS-STAIDÉAR 17

**Dícháiliú Stiúrthóra ar chuideachta a bhí bainte den chlár.**

Corpraíodh Odessa Club and Restaurant Limited sa bhliain 2005, agus baineadh go hainneonach den chlár i mí an Mheithimh 2019 é mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Bunaithe ar an scrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ba chosúil go raibh fiacha neamhurscaoilte ar an gcuideachta ag an dáta a baineadh den chlár í.

Iarradh ar an Uas. Donal O'Donoghue, an t-aon stiúrthóir amháin a bhí ag an gcuideachta, fianaise a sholáthar á léiriú nach raibh aon fhiacha ar an gcuideachta ag an dáta a baineadh den chlár í. Mhainnigh sé déanamh amhlaidh, áfach.

Mar sin, tairgeadh an deis don stiúrthóir glacadh le gealltanas maidir le dícháiliú. Dhiúltaigh an stiúrthóir don tairiscint sin agus, ar an mbonn sin, thug an tÚdarás le fios go raibh sé ar intinn aige iarratas a dhéanamh ar dhícháiliú chuig an Ard-Chúirt. Tamaillín sular eisíodh imeachtaí, thug an stiúrthóir le fios go nglacfadh sé le gealltanas, agus rinne sé amhlaidh i mí Eanáir 2024. Mar thoradh air sin, dícháilíodh an tUas. O'Donoghue ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Mar atá le feiceáil sa mhéid roimhe seo, bíonn forfheidhmiú i leith cuideachtaí dócmhainneacha dírithe ar an iompraíocht aonair, áit arb iad srianadh agus dícháiliú na bearta ar chuir an reachtas i bhfeidhm iad chun an pobal a chosaint.

## Forfheidhmiú a eascraíonn trí bhealaí eile

Is trí bhealaí éagsúla a thagann léirithe ar éagóiritheoireacht faoi dhlí na gcuideachtaí ar aird an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leo sin gearáin a fhaightear ón bpobal, nochtaí cosanta, tuarascálacha reachtúla a fhaightear ó ghníomhaithe iomchuí, tarchur ó ghníomhaireachtaí eile rialála agus forfheidhmiúcháin, agus na hanailísí a dhéanann an tÚdarás féin.

Sa chomhthéacs sin, cinntíonn obair imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin an Údaráis cuntasacht aonair trí na nithe seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

- comhlíonadh deonach a áirithiú, in éineacht le fianaise chuí á léiriú go ndearnadh ceartú,
- comhlíonadh a cheangal, trí úsáid a bhaint as an gcumhacht reachtúil atá ann ordacháin a thabhairt,
- comhlíonadh a cheangal, trí Orduithe cúirte a iarraidh chuige sin,
- ionchúisimh achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche, i.e., i gcás éagóiritheoireacht amhrasta nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, agus
- i gcás éagóiritheoireacht amhrasta thromchúiseach, nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil.

Uaireanta, is é an toradh a bhíonn ar chuntasacht aonair ná go bhforchuireann na cúirteanna smachtbhannaí sibhialta agus go gciontaítear daoine i gcionta coiriúla.

Tugtar sna cás-staidéir atá mionsonraithe sa tuarascáil seo samplaí de chineál ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus den raon leathan saincheisteanna a ndéileáiltear leo, idir mhainneachtain gnéithe riaracháin de dhlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh, imscrúduithe coiriúla móra, agus dhlíthíocht sna hUaschúirteanna.

# Ráitis airgeadais agus tuairisciú rialachais



## Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023




# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 70 |
| Ráiteas Rialachais | 71 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 77 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 81 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | 83 |
| Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil | 84 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 85 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 86 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 87 |

# Faisnéis Ghinearálta

## Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023

### Comhaltaí an Údaráis
Ian Drennan

### Seoladh
16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

### Baincéirí
Banc Danske
Áras Idirnáisiúnta
3 Plás Mháistir an Chuain
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

### Iniúchóir
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Údaráis

**Bonn reachtúil**

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022[1].

**Feidhmeanna reachtúla**

Mar a fhoráiltear dó le halt 944D(1) d'Acht 2014, áirítear le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh,
- imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí,
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do sháruithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre agus trí nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil,
- ról maoirseachta ar leachtaitheoirí a fheidhmiú, agus
- córas um ghealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Tugtar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin feidhmeanna reachtúla i ndáil le gléasanna infheistíochta áirithe faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015. De bhreis air sin, is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an t-údarás inniúil chun smachtbhannaí a fhorchur ar stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 (lena leasaítear Acht 2014 mar an gcéanna).

**Rialachas – struchtúr agus freagrachtaí**

*An tÚdarás*

Mar a fhoráiltear dó le halt 944F d'Acht 2014, bíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi rialú ag Údarás (**an tÚdarás**), a bheidh comhdhéanta den líon Comhaltaí (nach mbeidh níos mó ná triúr) a chinnfidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (**an tAire**). I láthair na huaire, tá an tÚdarás comhdhéanta de Chomhalta lánaimseartha amháin (**an Comhalta Ceaptha Aonair**), a ghníomhaíonn freisin mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Is é an tÚdarás a shocraíonn an straitéis agus a cheadaíonn na buiséid. Tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

*An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Togra nach beag is ea Gníomhaireacht Stáit nua a bhunú, rud ar gá acmhainní daonna suntasacha a ghealladh ina leith. Sa chomhthéacs sin, agus ag teacht sna sála ar iarraidh ar léirithe spéise a foilsíodh an 9 Meitheamh 2023, bhunaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile den chéad uair riamh an 27 Samhain 2023 agus tháinig sé le chéile an athuair an 14 Nollaig 2023. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an Údarás maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le rialú inmheánach, le tuairisciú airgeadais, le rialachas agus le bainistíocht riosca. Go háirithe, tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dearbhú go bhfuil na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí, faoi réir formhaoirseacht neamhspleách.

[1] I.R. 337 de 2022.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de cheathrar comhaltaí, ar comhaltaí atá neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad triúr díobh. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- An tUas. Dónall Curtin (Cathaoirleach),
- Sharon Sterritt Uas., Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta (tá an post á chlúdach faoi láthair ag Sinéad O'Brien Uas.),
- An tUas. Paul Kerrigan, agus
- Daneve Harris Uas.

Tuairisceoidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Údarás go foirmiúil i scríbhinn uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile den chéad uair riamh an 27 Samhain 2023 agus níor eisigh sé aon tuarascáil den sórt sin sa tréimhse faoi athbhreithniú.

*An Fhoireann Ardbhainistíochta*
Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de na hoifigigh sin atá ar leibhéal Stiúrthóra. I láthair na huaire, tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta díobh seo:

- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Coiriúil,
- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, agus
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.

**Socruithe soláthair foirne**
De réir fhorálacha alt 944K(6) d'Acht 2014, is státseirbhísigh iad oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (seachas comhaltaí den Gharda Síochána a thugtar ar iasacht don Údarás de bhun alt 944M d'Acht 2014). De bhreis ar iad a bheith ina n-oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, fanann na comhaltaí den Gharda Síochána faoi rialú ginearálta agus faoi stiúir ghinearálta an Choimisinéara agus coimeádann siad na cumhachtaí uile a dhílsítear dóibh mar chomhaltaí faoi mhionn den Gharda Síochána.

**Neamhspleáchas reachtúil**
Mar ghníomhaireacht forfheidhmiúcháin, agus de réir fhorálacha alt 944D(4) d'Acht 2014, tá neamhspleáchas reachtúil ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

**Rúndacht**
De réir fhorálacha alt 944P d'Acht 2014, tá oifigigh uile an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir dualgas reachtúil rúndachta.

**Cuntais agus oibleagáidí gaolmhara**
Ceanglaítear le halt 944X(2) d'Acht 2014 ar an Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (**RCPSPFNA**), agus Athchóirithe, ar an airgead a gheobhaidh agus a chaithfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Agus a ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Mar atá mionsonraithe sna ráitis airgeadais, measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta agus ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023.

**Sásraí reachtúla agus sásraí cuntasachta eile**
De réir a oibleagáidí reachtúla cuntasachta mar a fhoráiltear dóibh le hAcht 2014, ceanglaítear ar an Údarás:

- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire gach trí bliana. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Ráiteas Straitéise a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

- Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais agus an céanna a chur faoi bhráid an Aire. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Tuarascáil Bhliantúil a leagan faoi bhráid an Oireachtais,

- gach Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin a luaithe a bheidh sí leagtha faoi bhráid an Oireachtais ag an Aire,

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú agus an céanna a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Ceanglaítear ar an Aire, tar éis chur i gcrích an iniúchta, na ráitis airgeadais iniúchta, i dteannta na tuairime iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

- i gcás go n-éilíonn Coiste Dháil Éireann um Chuntais Phoiblí air déanamh amhlaidh, tabharfaidh Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis fianaise don Choiste ar nithe a thagann faoi théarmaí tagartha an Choiste, agus

- ceanglaítear ar Chomhalta Ceaptha Aonair an Údaráis, arna iarraidh sin dó, dul os comhair Coistí eile de chuid Thithe an Oireachtais maidir le nithe a bhaineann le riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

De bhreis air sin, mar chomhlacht poiblí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach do na Cúirteanna freisin.

**Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód) – nochtaí a cheanglaítear**

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir an Chóid. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann figiúirí comparáideacha tréimhse roimhe leis an tréimhse ón mbunú, i.e., an 7 Iúil 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 (6 mhí).

*Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe*

Leagtar amach i nóta 2 leis na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán fostaithe, bunaithe ar pháphointí amhail an 31 Nollaig 2023, dóibh sin atá ag tuilleamh níos mó ná €60,000 in aghaidh na bliana.

*Caiteachas taistil agus cothaithe*

Leagtar amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais anailís ar chaiteachas taistil agus cothaithe.

*Táillí gairmiúla, socraíochtaí, agus seirbhísí gairmiúla agus comhairleachta*

Leagtar amach i nóta 4 leis na ráitis airgeadais anailís ar chostais dlí, ar shocraíochtaí, agus ar sheirbhísí gairmiúla agus comhairleachta.

*Caiteachas fáilteachais*

Leagtar amach i nóta 5 leis na ráitis airgeadais an caiteachas fáilteachais a tabhaíodh le linn na tréimhse.

**Oibleagáidí comhlíonta eile comhlachta phoiblí**

*Gníomhú ar son na haeráide*

Ar an dul leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus leis an mbeartas Rialtais, tá an tÚdarás tiomanta dá chinntiú go n-íoslaghdófar na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí agus do chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun feidhme. Cheap an tÚdarás Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus tá sé ag obair i dtreo treochlár a ghlacadh chun na spriocanna riachtanacha a bhaint amach. Chun cur chun feidhme cleachtas inbhuanaithe a chur ar aghaidh, is feithiclí leictreacha iad dhá cheann de na trí fheithicil atá faoi úinéireacht an Údaráis. Baineann roinnt baill foirne den Údarás leas as socruithe oibre cumaisc,

rud a laghdaíonn a gcomaitéireacht sheachtainiúil agus a laghdaíonn astaíochtaí.

Glacann an tÚdarás páirt sa Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Fuinnimh Earnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh laistigh dá áitreabh. Is é an tÚdarás an príomhthionónta agus comhroinneann sé déanmhas cosanta le comhlachtaí eile earnála poiblí. Is leagtha amach anseo atá an úsáid fuinnimh le haghaidh an fhoirgnimh iomláin, dá n-áitíonn an tÚdarás trí cinn de chúig urlár:

| Mí | 2023 Leictreachas (cileavatuair) | 2023 Gás (cileavatuair) | Mí | 2022 Leictreachas (cileavatuair) | 2022 Gás (cileavatuair) |
|---|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 37,260 | 37,487 | | | |
| Feabhra | 31,957 | 31,545 | | | |
| Márta | 36,618 | 36,884 | | | |
| Aibreán | 30,438 | 15,165 | | | |
| Bealtaine | 31,974 | 2,599 | | | |
| Meitheamh | 36,478 | | | | |
| Iúil | 36,496 | 5 | Iúil | 39,349 | 3,825 |
| Lúnasa | 36,558 | | Lúnasa | 39,239 | 1 |
| Meán Fómhair | 34,635 | | Meán Fómhair | 35,679 | 5,553 |
| Deireadh Fómhair | 34,140 | 10,925 | Deireadh Fómhair | 33,051 | 9,095 |
| Samhain | 35,015 | 29,256 | Samhain | 34,894 | 15,361 |
| Nollaig | 33,806 | 32,352 | Nollaig | 35,645 | 34,272 |
| **Iomlán** | **415,375** | **196,218** | **Iomlán** | **217,857** | **68,107** |

*Cearta an duine agus comhionannas*
Comhlacht atá bunaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí is ea an tÚdarás agus tá an tÚdarás tiomanta, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus ina chaidreamh leis an bpobal agus lena fhoireann, d'aird a thabhairt ar an ngá leis an idirdhealú a dhíchur, le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus le cearta an duine a chosaint.

Tá an tÚdarás ina fhostóir comhionannas deiseanna a earcaíonn faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus ar aon dul leis an treoir ó CCSP, lena n-áirítear prionsabal na gceapachán lena gcuirtear comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn. Féachann an tÚdarás lena oibleagáidí faoin Acht um Míchumas 2005 (lena n-áirítear Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oifigeach Rochtana a bheith aige), faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a chomhlíonadh.

*Saoráil Faisnéise*
Fuair an tÚdarás trí iarraidh Saorála Faisnéise is fiche le linn na tréimhse ó mhí Iúil 2022 go mí na Nollag 2023. De na trí iarraidh is fiche:

- géilleadh do dhá iarraidh,
- géilleadh go páirteach do shé iarraidh,
- diúltaíodh géilleadh do 12 iarraidh,
- tarraingíodh iarraidh amháin siar, agus
- maidir le dhá iarraidh, tarraingíodh siar iad nó déileáladh leo lasmuigh de shaoráil faisnéise.

*Nochtadh cosanta*
Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, mar Chomhlacht Forordaithe agus i ndáil lena oibrithe araon. Is foilsithe ar a shuíomh Gréasáin agus go hinmheánach d'oibrithe atá mionsonraí faoi conas is féidir nochtadh a dhéanamh. Tá tuarascálacha alt 22 ón Údarás ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

*Seirbhís do chustaiméirí agus rochtain*
Tá ardchaighdeáin tábhachtach don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le seirbhís a sholáthar dá chustaiméirí ar bhealach atá cuí, cothrom, oscailte agus neamhchlaonta. Sa Chairt Custaiméirí 2022-2024 ón Údarás, leagtar amach a thiomantas chuige sin agus sásra le haghaidh gearáin a dhéanamh.

*Acht na dTeangacha Oifigiúla*
Tá an tÚdarás tiomanta do theagmháil a dhéanamh trí Ghaeilge le daoine den phobal a iarrann air déanamh amhlaidh. Foilsíonn an tÚdarás an tuarascáil bhliantúil uaidh agus na cuntais iniúchta agus na ráitis airgeadais iniúchta uaidh i nGaeilge. Ar aon dul le halt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, tá sé de rún ag an Údarás a chaiteachas ar fhógraíocht trí Ghaeilge a mhéadú.

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh an Chóid
Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód mar a d'fhoilsigh RCPSPFNA é i mí Lúnasa 2016. Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag comhlíonadh an Chóid, lenar áiríodh cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, le linn na tréimhse.

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Aithním an fhreagracht atá ormsa as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (**an Cód**).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráid ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

## Timpeallacht agus Creat Riosca agus Rialaithe

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach córas bainistíochta riosca a chur ar bun agus a chur chun feidhme sa bhliain 2023, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Buanmhír ag cruinnithe na foirne ardbhainistíochta is ea riosca.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a rátáil bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Mionsonraítear tuilleadh sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú, a nuashonrú agus a chur i láthair na foirne ardbhainistíochta ar bhonn tráthrialta.

Táthar ag súil leis go gcuirfidh stiúrthóirí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an eolas faoi rioscaí, laigí rialaithe agus mainneachtainí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí freagrachta féin.

Tá na bearta seo a leanas i measc na mbeart a rinneadh chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú:

- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha,

- tá nósanna imeachta i bhfeidhm, ina gcuimsítear leithscaradh cuí dualgas, maidir leis an údarás chun caiteachas a thabhú agus chun déanamh íocaíochtaí a cheadú, agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara dlí, rialála agus rialachais a chinntiú,

- táthar ag súil leis go bhfeidhmeoidh stiúrthóirí a mbreithiúnas gairmiúil agus iad á chinneadh cén uair ba cheart aird an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a tharraingt ar nithe,

- d'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht seirbhísí gairmiúla chun cleachtadh scoite a sholáthar chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha i ndáil leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023. Foilsíodh comórtas tairisceana le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí a sholáthar os comhair na mball de chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais an 15 Meán Fómhair 2023, ar dá bharr a d'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht iniúchóirí cláraithe chun feidhm sheachfhoinsithe iniúchóireachta inmheánaí a sholáthar.

## Faireachán, Athbhreithniú agus Tuairisciú Leanúnach

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar bhainistíocht inmheánach faisnéise, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- cruinnithe tráthrialta de chuid na Foirne Ardbhainistíochta,
- athbhreithniú tráthrialta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta ar fhaisnéis airgeadais, soláthair agus riosca, agus
- tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú gur leordhóthanach atá slándáil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i gcomhoibriú le hAonad TF na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (**an Roinn**)).

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar arna n-eisiúint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Chomhlíon an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na treoirlínte, cé is moite de dhá chonradh (is mó ná €25,000) ab fhiú €134,039 san iomlán, mar atá leagtha amach thíos.

- Chuaigh conradh a ndeachaigh an eagraíocht a bhí ann roimhe isteach ann le haghaidh seirbhísí glantacháin a sholáthar in éag i mí an Mhárta 2022 agus leanadh ina dhiaidh sin de chonradh intuigthe a bhí bunaithe ar na téarmaí céanna. Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tús le próiseas soláthair trí bhíthin iarraidh ar thairiscintí le haghaidh na seirbhísí sin. Cealaíodh an próiseas sin ina dhiaidh sin ag an gcéim iarmheastóireachta. Sa tréimhse faoi athbhreithniú, b’ionann agus €44,108 (2022: €21,447), gan CBL a áireamh, luach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh i leith seirbhísí glantacháin. Ag teacht sna sála ar bhreithniúcháin a bhain leis an soláthar cealaithe agus ar chomhairle dlí, eisíodh leagan athbhreithnithe den iarraidh ar thairiscintí, agus measadh na tairiscintí i mí na Nollag 2023. Tugadh fógra don tairgeoir rathúil i mí na Nollag 2023.

- Chuaigh conradh a ndeachaigh an eagraíocht a bhí ann roimhe isteach ann le haghaidh seirbhísí slándála a sholáthar in éag i mí na Bealtaine 2023 agus, trí chomhaontú, leanadh ina dhiaidh sin den chonradh sin ar na téarmaí conarthacha céanna. Sa tréimhse faoi athbhreithniú, b’ionann agus €89,931 luach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh i leith na seirbhísí slándála, gan CBL a áireamh. Tá iarraidh ar thairiscintí ina n-úsáidfear Creat Rialtais de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais á hullmhú faoi láthair.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag RCPSPFNA, i bhfeidhm san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, cé is moite de shaincheisteanna áirithe rialaithe inmheánaigh a sainaithníodh le linn athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí ar rialuithe, ar athbhreithniú é a rinneadh i mí an Mhárta 2023.

Maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh, ar saincheisteanna iad ar dhéileáil an fhoireann bainistíochta leo den chuid is mó tar éis an athbhreithnithe sin, agus a bhí ag teacht leis an bhfíric nár bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ach amháin le déanaí, le scála an togra atá i gceist le Gníomhaireacht Stáit nua a bhunú agus le spleáchas idirthréimhseach ar phróisis agus rialuithe oidhreachta, áiríodh leo sin:

- rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bheartas soláthair féin a thabhairt chun críche agus a eisiúint, chuir sé soláthar leis mar bhuanmhír ar chlár oibre chruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta, chuir sé próiseas foirmiúil chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas comhiomlán agus tá sé i mbun plean rollach bliantúil soláthair a fhorbairt,

- tá clár rioscaí cuimsitheach i bhfeidhm anois agus chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach measúnú calaoise i gcrích i ndáil le hoibriú hibrideach,

- chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach clár tarmligean i gcrích agus rinne sé cairt tarmligin airgeadais a chur i gcrích agus a eisiúint,

- leanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dá bhfuil fágtha dá chuid beartas agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais a fhorbairt agus a cheadú de réir a chéile toisc gur ghlac sé freagracht as a phróisis íocaíochta féin sa bhliain 2024,

- thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach beartais maidir le Nochtadh Cosanta inmheánach agus seachtrach chun críche,

- leanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de dhul chun cinn a dhéanamh ar a bheartais neamhspleácha féin agus de phróiseáil a dhéanamh ar dhoiciméadacht maidir le Rialachas, le hAcmhainní Daonna, le TFC agus le Straitéis, i dteannta an phróisis meastóireachta feidhmíochta.

Rinneadh meastóireacht breise ar an timpeallacht rialaithe i mí an Mhárta 2024, inar tugadh an méid seo a leanas le fios: *'is féidir dearbhú réasúnach a leagan ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha airgeadais chun rioscaí a bhféadfadh an réimse iniúchóireachta a bheith ar neamhchosaint orthu a mhaolú agus/nó a bhainistiú.'*

Déantar cur síos ar 'dearbhú réasúnach' mar a leanas: *'tá dea-chreat rialaithe i bhfeidhm agus tá formhór na rialuithe á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go héifeachtach. Sainaithníodh roinnt laigí rialaithe nó roinnt bearnaí rialaithe ach níor cheart go ndéanfadh siad sin difear suntasach do bhaint amach cuspóirí.'*

Níor sainaithníodh aon laigí móra rialaithe, agus trí riosca mheánacha (rud atá ina léiriú eile ar aibíocht choibhneasta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach) sainaitheanta mar a leanas:

- cé gur thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bheartas rialaithe airgeadais agus tarmligin féin isteach agus go ndearna sé dul chun cinn suntasach ar fhorbairt a bheartais soláthair, tá an lucht bainistíochta gafa le sraith iomlán beartas airgeadais agus soláthair agus nósanna imeachta oibriúcháin a thabhairt chun críche de bhun an aistrithe inmheánaigh íocaíochtaí soláthraithe a rinneadh le fíordhéanaí (an 1 Eanáir 2024),
- leanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dá fheidhm Acmhainní Daonna a fhorbairt d'fhonn an comhéadan idir an tÚdarás, an Roinn agus, dá réir sin, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chaighdeánú tuilleadh, agus
- leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de leas a bhaint as an obair a cuireadh i gcrích go dtí seo ar a chlár rioscaí agus tabharfaidh sé forbairt a bheartais rioscaí chun críche.

**Calaois agus Mírialtachtaí**
Ní raibh aon nithe calaoise ná mírialtachtaí le tuairisciú don bhliain 2023.

**Príomhcheanglais dhlíthiúla**
Rinne an tÚdarás na bearta riachtanacha a shainaithint agus a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí dlíthiúla.

**RGCS**
Cheap an tÚdarás Oifigeach Cosanta Sonraí a oibríonn leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis na Stiúrthóirí chun formhaoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí leanúnacha an Údaráis faoi RGCS.

**Nochtaí cosanta**
Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus tá mionsonraí faoi conas is féidir nochtadh den sórt sin a dhéanamh ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a oibriú, i measc nithe eile, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.
Deimhním gur thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2023 i mí an Mhárta 2024.

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014. D'ullmhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na ráitis airgeadais agus cuimsítear iontu

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi athruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *Bonn na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais, an tuarascáil bhliantúil agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



**Leonard McKeown**
**Ar son agus thar ceann an**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Aibreán 2024**

# Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Leagtar amach sa ráiteas rialachais na freagrachtaí atá ar an Údarás as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann sé a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Cinnim ar cé chomh hoiriúnach is atá sé gur baineadh úsáid as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, a chinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

## Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | | *(6 mhí)* |
| | | €000 | €000 |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Deontais: Vóta 32 – Fo-mhírcheann C7 | | 6,745 | 2,655 |
| Ioncam Eile | | 490 | 12 |
| **Ioncam iomlán** | | 7,235 | 2,667 |
| **Caiteachais riaracháin** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 3,709 | 1,531 |
| Taisteal agus Cothú | 3 | 51 | 21 |
| Seirbhísí Dlí, Gairmiúla agus Comhairleachta | 4 | 1,214 | 732 |
| Costais Riaracháin | 5 | 1,898 | 421 |
| Luach Saothair an Iniúchóra | 6 | 10 | 11 |
| Dímheas | 8 & 9 | 94 | - |
| **Iomlán na gcaiteachas riaracháin** | | 6,976 | 2,716 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **259** | **(49)** |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | - | - |
| **Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain** | | **259** | **(49)** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

# Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | Cúlchiste Ioncaim | Cuntas Caipitil | Glan-sócmhainní |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | **(49)** | **-** | **(49)** |
| Barrachas don bhliain | 259 | - | 259 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | - | 387 | 387 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | |
| Amúchadh a úsáideadh le haghaidh sócmhainní caipitlithe a fháil mar éadáil | (44) | 44 | - |
| Amúchadh a úsáideadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | 94 | (94) | - |
| **Iarmhéid amhail Nollaig 2023** | **260** | **337** | **597** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

## Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | 271 | - |
| Bogearraí | 9 | 66 | - |
| | | 337 | - |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardal | | 8 | 12 |
| Réamhíocaíochtaí | 10 | 434 | 243 |
| Méideanna infhaighte | 10 | 45 | 22 |
| | | 487 | 277 |
| **Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Méideanna iníoctha | 11 | 227 | 326 |
| | | 227 | 326 |
| **Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)** | | **260** | **(49)** |
| **Glansócmhainní/(Glandliteanais)** | | **597** | **(49)** |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste coinnithe | | 260 | (49) |
| Cuntas caipitil | | 337 | - |
| **Iomlán na gCúlchistí agus an Chuntais Caipitil** | | **597** | **(49)** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | | *(6 mhí)* |
| | €000 | €000 |
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 259 | (49) |
| (Laghdú)/Méadú i Méideanna iníoctha | (99) | 326 |
| (Méadú) i méideanna infhaighte | (214) | (265) |
| Laghdú/(Méadú) i bhfardal | 4 | (12) |
| Dímheas agus Amúchadh | 94 | - |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 44 | - |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach | (44) | - |
| **(Laghdú)/méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | - | - |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí** | | |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2022 | - | - |
| **Sreabhadh Airgid don bhliain** | - | - |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2023 | **-** | **-** |

Arna cheadú ag:

**Ian Drennan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis
25 Aibreán 2024

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
# Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023.

*Faisnéis Ghinearálta*

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022[2].

*Bonn an Ullmhúcháin*

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na reachtaíochta is infheidhme agus de réir FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn*, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

De réir FRS 102, cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach é. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

*Gnóthas Leantach*

Mionsonraítear sna ráitis airgeadais staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabhadh airgid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ionchas réasúnach ag an Údarás go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an eintiteas chun leanúint lena ghníomhaíocht oibriúcháin agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an tÚdarás le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

*Ioncam*

Cistíonn an Státchiste an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go hiomlán trí Vóta a mháthair-Roinne, i.e., Vóta 32 Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht – fo-mhírcheann C7. Aithnítear ioncam ar aon dul leis an gcaiteachas a tabhaíodh i gcomhlíonadh fheidhmeanna na heagraíochta sa tréimhse airgeadais. Aithnítear mar chreidiúnaí aon mhéideanna a fhaightear os cionn an mhéid sin, más infheidhme. Caipitlítear sa Chuntas Caipitil an t-ioncam a úsáideadh le haghaidh ceannacháin chaipitil, agus arb é an toradh atá air ná breiseanna le sócmhainní seasta.

[2] I.R. 337 de 2022.

*Sócmhainní Neamhreatha – dímheas/amúchadh*
Bhí cead ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun sócmhainní seasta áirithe a úsáid, ar thabhaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ('**RFTF**') an costas a bhain leo. Aistríodh úinéireacht ar na sócmhainní sin saor in aisce chuig an Údarás sa bhliain 2023. Ba é €387,295 Glanluach Leabhar na sócmhainní sin ag dáta an aistrithe.

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar a gcostas lúide dímheas carnach. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne dírí, agus an muirear á ríomh thar shaolré úsáideach ionchais na sócmhainní lena mbaineann:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaire agus TFC | 20% in aghaidh na bliana |
| Bogearraí | 20% in aghaidh na bliana |

*Fardal*
Maidir le stoic a bhí ar láimh ag deireadh na tréimhse, is stoic tomhaltán teicneolaíochta faisnéise agus stoic tomhaltán oifige iad agus luaitear iad ar a gcostas nó de réir glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

*Cuntas Caipitil*
Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta an chistiúcháin a úsáideadh le haghaidh sócmhainní seasta a cheannach.

*Léasanna Oibriúcháin – Cóiríocht*
Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 i leith, is amhlaidh, maidir le cíosanna atá dlite faoi léasanna, a íocann Oifig na nOibreacha Poiblí (**OOP**) iad leis an léasóir agus a fhorchúitíonn OOP iad ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn ráithiúil trí chomhaontú. Muirearaítear cíosanna ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad. Sheas OOP an costas cíosa sin sa tréimhse roimhe dar críoch an 31 Nollaig 2022, go dtí go ndéanfaí cistiú gaolmhar státchiste a ath-leithdháileadh.

*Sochair Fostaithe*

*Sochair Ghearrthéarmacha*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Is fostaithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht.

*Pinsin*
Is státseirbhísigh iad na fostaithe de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is comhaltaí iad de scéimeanna éagsúla sochair shainithe a riarann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe iad. Maidir leis na dliteanais phinsin a thiocfaidh as a seirbhís leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, íocfar iad sa todhchaí ó chistí atá ar fáil don Roinn sin agus, dá bhrí sin, ní aithnítear iad mar dhliteanais sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (**an Scéim Aonair**) iad baill foirne áirithe den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Easnamh/barrachas don Bhliain*
Mar atá mionsonraithe sna beartais chuntasaíochta, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear cistiú Státchiste. Is ionann an cistiú sin agus na hollíocaíochtaí a dhéanann RFTF thar ceann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus é á fhritháireamh i gcásanna áirithe le fáltais a íoctar le RFTF. Mar an gcéanna, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear ioncam eile. Is ar bhonn fabhruithe a aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais. Mar sin, ní gnáthbharrachas/gnátheasnamh oibriúcháin é an barrachas/an t-easnamh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Is féidir é sin a chur síos go príomha don difríocht idir cistiú airgeadbhunaithe agus caiteachas a dtugtar cuntas air ar bhonn fabhruithe.

*Méideanna infhaighte*
Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, i gcás gurb infheidhme, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

*Méideanna iníoctha*
Tomhaistear creidiúnaithe trádála ag praghas an tsonraisc, mura n-iarchuirtear an íocaíocht thar ghnáth-théarmaí gnó nó mura maoinítear í ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann an socrú agus idirbheart maoiniúcháin, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ar ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

*Príomhphearsanra Bainistíochta*
Chuimsigh an príomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta) Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis (an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) agus an t-ochtar Stiúrthóirí. B'ionann agus €1,044,264 (**2022**: €432,854) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, gan ÁSPC ón bhfostóir a áireamh. Féach Nóta 2 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis na baill foirne uile, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Leagtar an íocaíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin amach ar leithligh freisin i Nóta 7.

*Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta*
Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú*
Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú nuair a thugann eachtraí nó athruithe in imthosca le fios go bhféadfadh nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghafa. Is é an méid in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá in-sainaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann. Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

## 2. Costais Foirne

Ba mar a leanas a bhí costais foirne don tréimhse, lena n-áirítear luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

| | 2023 | 2022<br>*(6 mhí)* |
|---|---|---|
| Foireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach | **€000** | **€000** |
| Tuarastail | 3,087 | 1,335 |
| Ranníocaíocht ÁSPC ón bhfostóir | 284 | 120 |
| Fabhrú Saoire, lena n-áirítear ÁSPC ón bhfostóir | 88 | 76 |
| | 3,459 | 1,531 |
| Comhaltaí den Gharda Síochána atá ar Iasacht | | |
| Ragobair, lena n-áirítear ÁSPC ón bhfostóir | 250 | - |
| | 250 | - |
| **Costais Foirne Iomlána** | **3,709** | **1,531** |

B'ionann agus 49 bhfostaí (2022: 40 fostaí) an meánlíon fostaithe, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gan comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht a áireamh, le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2023. B'ionann líon foirne lánaimseartha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag an 31 Nollaig 2023 agus 55 bhall foirne (2022: 39 mball foirne). Íoctar fostaithe uile an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, de réir scálaí tuarastail státseirbhíse. Níor íocadh aon ragobair le foireann an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2023 (2022: €1,411).

Is fostaithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht. Ba é 14 dhuine (2022: 11 duine) an meánlíon comhaltaí den Gharda Síochána a bhí ar iasacht le linn na tréimhse cuntais. Is leagtha amach thuas atá ragobair athmhuirearaithe a dtabhaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í i ndáil le comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht. Seasann an Roinn Dlí agus Cirt costais phá eile a bhaineann le Gardaí atá ar iasacht.

*Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe*
Leagtar amach thíos anailís ar luach saothair iomlán fostaithe, bunaithe ar a bpáphointe amhail an 31 Nollaig, dóibh sin atá ag tuilleamh níos mó ná €60,000 in aghaidh na bliana:

| **Banda tuarastail (€)** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **Líon na mball foirne** | **Líon na mball foirne** |
| 60,000-69,999 | 5 | 3 |
| 70,000-79,999 | 7 | 6 |
| 80,000-89,999 | 6 | 5 |
| 90,000-99,999 | 4 | 4 |
| 100,000-109,999 | 3 | - |
| 110,000-119,999 | 5 | 4 |
| 120,000-129,999 | - | - |
| 130,000-139,999 | - | - |
| 140,000-149,999 | - | - |
| 150,000-159,999 | - | - |
| 160,000-169,999 | - | 1 |
| 170,000-179,999 | 1 | - |
| Iomlán | 31 | 23 |

Maidir leis na sochair ghearrthéarmacha a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, áirítear tuarastail leo amhail an 31 Nollaig, ach ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo. Níor cuireadh aon sochair eile, amhail pá saoire, ar áireamh iontu.

## 3. Taisteal agus Cothú

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | | ***(6 mhí)*** |
| | €000 | €000 |
| Náisiúnta | 36 | 14 |
| Idirnáisiúnta | 15 | 7 |
| | 51 | 21 |

## 4. Seirbhísí Dlí, Gairmiúla agus Comhairleachta

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | | *(6 mhí)* |
| | €000 | €000 |
| **Costais Chomhairleachta agus Seirbhísí Gairmiúla** | | |
| Seirbhísí Earcaíochta | 5 | 49 |
| Sláinte agus Sábháilteacht | 3 | 3 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 23 | - |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | - | 10 |
| Aistriúchán | 2 | 4 |
| | **33** | **66** |
| **Costais dlí** | | |
| Cigireacht Ard-Chúirte ar INM | 1,073 | 374 |
| Costais dlí – eile | 108 | 292 |
| | **1,181** | **666** |
| **Iomlán** | **1,214** | **732** |

Is costais 'gnó mar is gnách' iad na costais chomhairleachta uile.

Is gnáth-sheachtháirge a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla an Údaráis iad costais dlí a thagann as cásobair.

## 5. Costais Riaracháin

| | 2023 | 2022 *(6 mhí)* |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Priontáil agus Páipéarachas | 8 | 10 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 409 | 85 |
| Fáilteachas | 3 | 2 |
| Oiliúint | 99 | 57 |
| Teileachumarsáid | 33 | 49 |
| Costais chóiríochta | 1,079 | 185 |
| Síntiúis | 12 | 2 |
| Caiteachas Oifige | 42 | 4 |
| Ábhair Tagartha Gairmiúla | 34 | 17 |
| Imeachtaí Cur Chun Cinn, Fógraíocht agus Brandáil | 98 | - |
| Tacaíocht Dlí | 67 | - |
| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 3 | - |
| Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca | 11 | 10 |
| | 1,898 | 421 |

## 6. Luach Saothair an Iniúchóra

| | 2023 | 2022 *(6 mhí)* |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais | 10 | 11 |
| | 10 | 11 |

Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchóireachta don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus níor sholáthair an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon seirbhísí seachas seirbhísí iniúchóireachta reachtúla le linn na bliana.

## 7. Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | | *(6 mhí)* |
| | €000 | €000 |
| Olltuarastal | 169 | 82 |

Is státseirbhíseach bunaithe é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsean seirbhíse poiblí. Ní fhabhraítear don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin luach na sochar scoir a thuilltear agus, mar sin de, ní léirítear é sna ráitis airgeadais seo.

## 8. Sócmhainní Neamhreatha – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TFC | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| *Ráta Dímheasa* | *20.00%* | *20.00%* | |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - | - |
| Breiseanna | 146 | 205 | 351 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 146 | 205 | 351 |
| **Dímheas** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - | - |
| Muirear don bhliain | 39 | 41 | 80 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 39 | 41 | 80 |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | **107** | **164** | **271** |

## 9. Sócmhainní Neamhreatha – Bogearraí

| | Bogearraí | Iomlán |
|---|---|---|
| *Ráta Dímheasa* | *20.00%* | |
| | **€000** | **€000** |
| **Costas** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - |
| Breiseanna | 80 | 80 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 80 | 80 |
| **Amúchadh** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - |
| Muirear don bhliain | 14 | 14 |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 14 | 14 |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | - | - |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | **66** | **66** |

## 10. Méideanna infhaighte

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | *(6 mhí)* |
| Réamhíocaíochtaí | 434 | 243 |
| Costais cóiríochta oifige | 41 | 18 |
| Eile | 4 | 4 |
| | 479 | 265 |

## 11. Méideanna iníoctha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | *(6 mhí)* |
| Fabhruithe | 227 | 319 |
| Eile | - | 7 |
| | 227 | 326 |

## 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara/Nochtadh Leasanna

Comhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhalta Ceaptha Aonair agus foireann an Údaráis. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais an Chóid.

## 13. Ceangaltais Léasa

Níl aon talamh ná foirgnimh faoi úinéireacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ceangaltais ar an Údarás i leith léas ar chóiríocht oifige ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tá an léas sin i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí (**OOP**) ar feadh tréimhse 25 bliana a thosaigh sa bhliain 2002. Sheas OOP an costas cíosa sa tréimhse roimhe dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus tháinig ath-leithdháileadh an chistiúcháin ghaolmhair státchiste in éifeacht ó mhí Eanáir 2023.

Leagann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach sa tábla thíos a cheangaltais mheasta i leith íocaíochtaí le OOP thar thréimhse an léasa a shealbhaítear idir OOP agus an tiarna talún.

| | **2023**<br>**€000** |
|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 725 |
| Iníoctha idir dhá bhliain agus cúig bliana | 1,631 |
| | 2,356 |

B’ionann an caiteachas léasa oibriúcháin a aithníodh sa bhliain 2023 agus €725,012 (2022: Nialas).

## 14. Eachtraí tar éis na tréimhse tuairiscithe

Tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe, níor thit amach aon eachtraí a d’fhág gur ghá coigeartú nó nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais.




Séanadh

Cé go ndearnadh dianiarracht a chinntiú gur cruinn atá an fhaisnéis sa doiciméad seo, ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh atá istigh ann. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, nó staonadh ó ghníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir leis an doiciméad seo.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
**Teil:** +353 1 858 5800
**Ríomhphost:** info@cea.gov.ie
**Gréasán:** www.cea.gov.ie

An English version of this report is available
**Tá leagan Béarla den tuarascáil seo ar fáil.**

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority